Injuries Board.ie

## An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

# Plean Straitéise 2012-2016

**Iúil 2012**



## Faisnéis Teagmhála

**Tá an tIonad Seirbhíse Oscailte:**
Luan go hAoine, 8am go 8 pm

Glao Áitiúil RoI 1890 829 121
TÉ agus RA 0870 876 8121

Bosca Poist 8, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí

www.injuriesboard.ie

*I mí Iúil 2008, mar chuid de thionscadal brandála nua, athraíodh ainm oibre an Bhoird ó 'An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta', nó PIAB, go 'InjuriesBoard.ie'. Dá bharr sin, gairtear InjuriesBoard.ie den eagraíocht ar fud na Tuarascála seo*

# Clár na nÁbhar



| | | |
|---|---|---|
| **Caibidil 1** | Réamhráite:<br>ón gCathaoirleach<br>ón bPríomhfheidhmeannach | <br>2<br>3 |
| **Caibidil 2** | Athbhreithniú ar Fheidhmíocht go dtí seo | 5 |
| **Caibidil 3** | Forbairtí Dlíthiúla<br>Rátaí Préimhe Árachais<br>Staitisticí Cúirte maidir le hÉilimh Dhíobhála Pearsanta | 10<br>12<br>13 |
| **Caibidil 4** | Comhairliúchán le Geallsealbhóirí | 14 |
| **Caibidil 5** | Múnla Maoiniúcháin | 15 |
| **Caibidil 6** | Príomhghnéithe an Phlean Nua<br>Fís, Misean, Cuspóirí Straitéiseacha<br>Gníomhartha trína mBainfear Amach na Cuspóirí Straitéiseacha<br>Torthaí/Príomhtháscairí Feidhmíochta | 16<br>17<br>18<br>23 |
| **Caibidil 7** | Struchtúr Eagrúcháin | 24 |
| **Aguisín 1** | Na Geallsealbhóirí a nDeachthas i gComhairle leo | 26 |
| **Aguisín 2** | Faisnéis Staitistiúil | 27 |

# Réamhrá leis an gCathaoirleach

Is é seo an dara Plean Straitéise atá ullmhaithe ag an mBord faoin Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003. Le linn thréimhse ama an phlean seo, is é an aidhm a bheidh againn ná cur leis an dul chun cinn suntasach atá déanta againn faoin bplean a bhí againn roimhe seo.

Tá an Bord tiomanta i leith leanúint de chothabháil agus d'fheabhsú ár múnla ísealchostais neamhsháraíochta ar tríd atá athrú bunúsach déanta ar an tslí ina ndéantar éilimh dhíobhála pearsanta a láimhseáil sa tír seo. Tá tairbhe faighte ag an tsochaí ó mhúnla an Bhoird agus baineadh an méid sin amach gan aon chostas ar an Stát. Tá cúiteamh faighte ag íospartaigh tionóisce ar mhodh chothrom trédhearcach, tá laghdú tagtha ar phréimheanna árachais ar mhaithe le tomhaltóirí agus gnóthaí, agus tá laghdú drámatúil tagtha ar na liostaí díobhála pearsanta inár gcuid Cúirteanna. Tá athrú suntasach cultúir déanta maidir leis an modh ina láimhseáiltear éilimh dhíobhála pearsanta. Tá an méid sin ar fad bainte amach mar thoradh ar obair dhian, agus mar gheall ar dhíograis, fhoireann agus Chomhaltaí an Bhoird.

Rinneadh an plean seo a thiomsú tar éis próisis leanúnaigh comhairliúcháin lenár gcuid príomh-gheallsealbhóirí a ngabhaimid buíochas leo as an méid atá déanta acu i leith an phróisis sin. Bhí ról tábhachtach ag ár mBord ceannais maidir leis an bplean nua a cheapadh agus beidh cur i bhfeidhm an phlean á thiomáint ag Feidhmeannacht agus ag foireann an Bhoird. Táimid ag tnúth le cur lenár rathúlacht agus le hoibriú lenár ngeallsealbhóirí agus leis an Rialtas chun na gealltanais atá leagtha amach sna leathanaigh sin ina dhiaidh seo a chomhlíonadh.



**Dorothea Dowling**
*Cathaoirleach*

# Réamhrá leis an bPríomhfheidhmeannach

Sa bhliain 2004, bunaíodh an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) chun dul i ngleic leis na rátaí méadaitheacha préimhe árachais a d'éirigh as cur chuige costasach sáraíochta maidir le héilimh dhíobhála pearsanta a réiteach.

Sa lá atá inniu ann, tá préimheanna árachais gluaisteáin 22% níos ísle ná mar a bhí deich mbliana ó shin agus táthar tar éis scothstruchtúr measúnaithe éileamh a bhunú trínar laghdaíodh costais próiseála éileamh de 80% agus, ag an am céanna, rinneadh an leibhéal céanna dámhachtainí leis na Cúirteanna a choimeád ar bun. Mar thoradh ar an gcur chuige nua neamhsháraíochta sin, tá raon i bhfad níos leithne tairbhí ná mar a ceapadh a bheadh ann bainte amach. Is é atá tar éis leanúint as freisin ná sraith próiseas nuálach a bhféadfadh feidhm níos leithne a bheith acu thar an tseirbhís phoiblí mar thacaíocht i ndáil le clár oibre athchóirithe na hearnála poiblí.

I dtaca le cúrsaí oibríochtúla de, déantar éilimh a mheasúnú cúig huaire níos tapa agus ar chodán de na costais phróiseála a ghabhann le dlíthíocht. De réir mar atá laghdú tagtha ar an líon cásanna dlíthíochta díobhála pearsanta, táthar tar éis na Cúirteanna a shaoradh chun díriú ar nithe ar mó an brú a bhaineann leo. Is féidir an dul chun cinn atá bainte amach maidir le próisis luath-idirghabhála agus éascaíochta a úsáid mar theimpléad i gcomhair athchóirithe i réimsí eile. Bhí dul chun cinn maidir le próisis eisfhoinsithe mar bhonn agus mar thaca le cumas an Bhoird chun laghdú a dhéanamh ar a tháillí próiseála agus chun ár gcuid costas 'cur ar bun' a aisíoc leis an Stát i gcomhréir leis an gcuspóir a bhí againn ón tús, is é sin, go mbeifí féinmhaoinitheach go hiomlán.

Is uirlis dhaingean é an tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 ach tá sé inchoigeartaithe chun a chinntiú gur féidir aidhmeanna beartais a bhaint amach. Sa bhliain 2007, ritheadh reachtaíocht leasaitheach chun díspreagadh a dhéanamh i ndáil le diúltú do dhámhachtainí ar mhaithe le dámhachtainí ionchasacha níos airde a lorg sa Chúirt. Bhí ar an mBord déileáil le cuid mhór athbhreithnithe breithiúnacha freisin arbh é an ceann ba shuntasaí díobh ná athbhreithniú breithiúnach a bhain le 21 chás a bhí á dtógáil go comhuaineach agus a chuir i gcoinne an mhodha ina lamhálann an Bord costais (trí tháillí dlíthiúla de ghnáth). Chosain an Bord na cásanna sin go tréan agus, trí dhéanamh amhlaidh, tá prionsabail thábhachtacha dhlíthiúla bunaithe aige ar prionsabail iad a bhfuil tionchar dearfach acu ar ár gcuid oibríochtaí.

Tar éis chás O'Brien (féach Caibidil 3), chun trédhearcacht a chinntiú do na páirtithe go léir cuireann an Bord cóipeanna de chumarsáidí tábhachtacha chuig éilitheoirí a bhfuil ionadaíocht acu. De bharr breithiúnais i gcásanna Plewa agus Giniewicz (féach Caibidil 3), cuireadh deireadh leis an bhféidearthacht nach mór táillí dlíthiúla a íoc i leith gach éilimh, ar rud é sin a mbeadh tionchar diúltach aige ar phréimheanna árachais in Éirinn. Is mór an difear idir sin agus an staid sa Ríocht Aontaithe áit a bhfuil táillí dlíthiúla mar chuid dhaingean den chóras d'ainneoin roinnt iarrachtaí ar athchóiriú a dhéanamh agus ní hionadh ar bith é go bhfuil méadú géar ag teacht ar phréimheanna árachais gluaisteáin.

Ar leibhéal oibríochtúil, déanfar feabhsú leanúnach ar Ionad Seirbhíse an Bhoird agus ar a thiomantas méadaitheach i leith acmhainní ar líne ach, dar liomsa, tá múnla an-mhaith seirbhíse custaiméara ann cheana féin. Trí fheidhmeanna neamhlárnacha a eisfhoinsiú, bhí an Bord in ann costais oibríochta a laghdú chomh maith le laghdú a dhéanamh ar oibleagáidí pearsanra agus pinsin amach anseo agus, ag an am céanna, bhíothas in ann a fhoireann ghairmiúil féin a


shaoradh chun a gcuid sainscileanna dlíthiúla, liachta, achtúireachta agus riaracháin a úsáid chun tacaíocht a thabhairt i ndáil le clár leantach feabhsúcháin leanúnaigh. Beidh rath an mhúnla eisfhoinsiúcháin ag brath ar bhainistiú cúramach, ar oiliúint agus ar chláir dheimhnithe cáilíochta a ndéanfaidh foireann an Bhoird féin formhaoirseacht orthu.

Faoi dheireadh na bliana 2011, bhí measúnú déanta ag an mBord ar níos mó ná 50,000 éileamh agus bhí dámhachtainí, ar mó ná €1 bhilliún a méid iomlán, déanta aige, agus lean coigilteas díreach tuairim is €250 milliún as sin mar aon le coigilteas neamhdhíreach comhchosúil ó réitigh luatha a éascaíodh tríd an múnla nua lena ngabhann teorainneacha ama dochta agus nósanna imeachta trédhearcacha. Tá an Bord go hiomlán féinmhaoinitheach ón tráth a cuireadh ar bun é. Faightear ioncam táillí ó tháille mheasartha a ghearradh ar éilitheoirí agus ó tháille a ghearrtar ar Fhreagróirí (€850) agus is iad a íocann an táille sin de ghnáth ná cuideachtaí árachais a iompraíonn an riosca i leith sealbhóirí polasaí a d'fhéadfadh a bheith faillíoch.

Cé go soláthraíonn an Bord roinnt seirbhísí dá gheallsealbhóirí, tá an táille a ghearrtar de réir múnla atá bunaithe ar an gcás áirithe lena mbaineann ag brath ar leas iomlán a bheith á bhaint ag freagróirí as an tseirbhís iomlán measúnaithe. Seachnaítear táille a íoc nuair a dhéantar réiteach luath a éascaítear trí mhúnla an Bhoird. Tá breithniú tábhachtach le déanamh i dtaobh an ndéanfar athrú chuig múnla táillí atá níos cothroime agus níos inchothaithe, is é sin, múnla ar dá réir atá muirir i gcomhréir leis an leibhéal seirbhíse a sholáthraítear agus, dá bhrí sin, leis an leibhéal costas a thabhaítear. Is é atá sa chuspóir atá ag an mBord ná a chinntiú go bhfuil an bunmhúnla féinmhaoinitheach inchothaithe agus go dtéann sé chun tairbhe na ngeallsealbhóirí go léir.

Is léir gurb é a bheidh inár misean fós ná feidhmiú mar áisitheoir neamhspleách chun cúiteamh a sholáthar ar mhodh cóir, pras, trédhearcach ar mhaithe leis an tsochaí. Beidh na nithe seo a leanas san áireamh i gcónaí inár gcuid príomhchuspóirí: bainistiú dian costas, feidhmiú nuálach na teicneolaíochta agus foireann ardoilte chun sársheirbhís chustaiméara a sholáthar ar seirbhís í atá inrochtana, cuntasach, trédhearcach agus éifeachtúil.

Beidh an méid seo a leanas san áireamh sna gníomhaíochtaí forfheidhmithe: oiliúint agus bainistiú feidhmíochta, cianrochtain ar gheallsealbhóirí agus comhairliúcháin leo, taighde agus foilseacháin, agus anailís leanúnach ar chostais agus ar thairbhí. Mar is fíor i gcónaí, tá ár bplean custaiméir-láraithe chun a chinntiú go ndéantar riachtanais éilitheoirí ar leithligh, chomh maith le nithe a bhaineann le leas an phobail, a aithint i mbeartais, i bprótacail agus i gcleachtais. Anois díreach, aithníonn ár bplean nach bhfuil InjuriesBoard.ie ag oibriú i bhfolús agus gur féidir leis rannchuidiú le clár oibre leathan athchóirithe na hearnála poiblí agus tairbhe a fháil ón gclár oibre sin.



**Patricia Byron**
*Príomhfheidhmeannach*

# Athbhreithniú ar Fheidhmíocht go dtí seo

Tar éis an tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 a achtú, rinneadh an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (a oibríonn faoin ainm InjuriesBoard.ie anois) a bhunú ar an 13 Aibreán 2004. Sa chaibidil seo, déantar athbhreithniú ar phríomhghnéithe obair an Bhoird sa tréimhse ón mbliain 2005 go dtí seo, agus aird ar leith á tabhairt ar an dá phríomhchuspóir straitéiseacha atá ann sa Phlean Straitéise atá againn faoi láthair:

- Measúnú cóir, cruinn a dhéanamh go tráthúil ar an tsuim chúitimh a bhfuiltear ina theideal i gcás éileamh maidir le díobháil phearsanta a thagann faoi scáth an Bhoird
- Na costais riaracháin a bhaineann le measúnú ar éilimh dhíobhála pearsanta a thagann faoi scáth an Bhoird a ísliú.

## Réamhrá

Tá InjuriesBoard.ie ina eintiteas seanbhunaithe anois i réimse na ndíobhálacha pearsanta. Tá an Bord tar éis múnla malartach neamhsháraíochta a chur i bhfeidhm go rathúil maidir le héilimh dhíobhála pearsanta a réiteach. Ó thosaigh an Bord ag feidhmiú go hiomlán sa bhliain 2007, tá aschur comhsheasmhach curtha ar fáil aige go díreach trí dhámhachtainí a rinneadh nó go neamhdhíreach trí réiteach luath éileamh a éascú. Cé nach rabhthas ag súil leis an leibhéal a bhí ann i dtaca le réitigh dhíreacha idir na páirtithe, ba léir ag céim luath go bhféadfadh tairbhí breise a bheith ann mar thoradh ar athrú chuig múnla neamhsháraíochta i gcás ina rachadh na páirtithe i gcomhairle lena chéile ag tús an phróisis. Ceann amháin de na tairbhí sin ab ea go raibh sásra ag na páirtithe chun cásanna a shocrú gan measúnú foirmiúil agus go raibh an Leabhar Cainníochtaí foilsithe ar fáil mar threoir i gcomhair na ndamáistí atá dlite mar chúiteamh i ndáil le raon díobhálacha.

Is é atá i gcroífheidhm an Bhoird ná measúnú a dhéanamh ar an gcúiteamh i leith díobhálacha pearsanta a éiríonn as tionóiscí Gluaisteáin, as tionóiscí san Ionad Oibre agus as tionóiscí in Áiteanna Poiblí. D'éirigh leis an mBord a chuid cuspóirí a bhaint amach trí beagnach 9,000 measúnú a dhéanamh sa bhliain sna 5 bliana seo caite agus trí líon comhchosúil réiteach luath a éascú. Laghdaíonn sé sin na forchostais a bhaineann le cúiteamh a sholáthar ó 46% go figiúr is lú ná 9% i gcás dámhachtainí foirmiúla agus luathaíonn sé go suntasach an t-am a thógann sé chun éilimh dhíobhála pearsanta a thabhairt chun críche.

Ní mór go bhfanfaidh cothabháil an tsoláthair sin, i dtaca le seirbhís chost-éifeachtach agus éifeachtúil de, ag croílár ghníomhaíochtaí an Bhoird sna cúig bliana atá romhainn. Tá an gá leis na seirbhísí a sholáthraíonn an Bord chomh mór anois agus a bhí nuair a bunaíodh an ghníomhaireacht ar dtús.

Tá comhthuiscint ann gurb é croímhandáid Bhoird maidir le héilimh dhíobhála pearsanta a mheasúnú go cóir agus go cruinn an cuspóir is iomchuí fós agus go bhfuil tábhacht phríomha leis. Dá réir sin, cé go leanfar de thionscnaimh a d'fhéadfadh laghdú a dhéanamh ar amlínte nó ar chostais a shaothrú, ní ceart ach mionathruithe a bheith i gceist maidir leis an bhFís, leis an Misean agus maidir leis na cuspóirí straitéiseacha reatha.

Dúshlán tábhachtach do thodhchaí an Bhoird is ea cur leis an rath a bhí aige agus féachaint le feabhas a chur ar a phríomhtháscairí feidhmíochta trí phróisis atá níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí fós. De bhreis air sin, de réir mar atá an Bord tar éis dul in aibíocht mar eagraíocht, de réir mar a bhí forbairt á déanamh ar a chórais agus de réir mar atá aitheantas forleathan faighte dá chumas chun toradh neamhsháraíochta a sholáthar i ndáil le héilimh dhíobhála pearsanta, d'fhéadfadh deiseanna a bheith ann chun leathnú a dhéanamh ar chúram an Bhoird chun réimsí a thagann faoi réim dlíthíochta costasaí fós e.g. cásanna faillí liachta a chur san áireamh. Cé gur

faoin lucht déanta beartais agus reachtaíochta é cinntí a dhéanamh faoi chúram an Bhoird, beidh ról gníomhach ag an mBord maidir le cúnamh a thabhairt don lucht déanta cinntí sin de réir mar is gá. Léirítear an méid sin san Fhís nua, sa Mhisean nua agus sna Cuspóirí Straitéiseacha nua atá leagtha amach níos faide anonn sa doiciméad seo.

Chuir toradh rathúil athbhreithnithe breithiúnacha Alt 44* bailchríoch ar dhúshlán i ndáil le costais dhlíthiúla nár lamháil an Bord, is é sin, maidir le 21 chás ar leithligh a tháinig chun cinn go tapa i ndiaidh a chéile. Tá breith na hArd-Chúirte tábhachtach mar gur seasadh, i ndáil le gach gné, leis an modh ina raibh an Bord ag feidhmiú a rogha maidir le costais faoi Alt 44 ar bhonn gach cáis ar leith. Léirigh sé sin go bhfuil an reachtaíocht tacaíochta daingean agus gur éascaigh sí oibriú modha ísealchostais, neamhsháraíochta chun cúiteamh a sholáthar go tráthúil d'íospartaigh tionóisce.

** Le hAlt 44 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003, tugtar cumhacht don Bhord suim a áireamh i ndámhachtain ar suim í i leith táillí nó caiteachas a thabhaíonn éilitheoir le réasún agus de riachtanas le linn forálacha an Achta a chomhlíonadh.*

## An líon iarratas

Ó Bhealtaine 2004, thosaigh an Bord ag déileáil le héilimh Dhliteanais Fostóra agus leathnaíodh a chúram chuig éilimh Dhliteanais Gluaisteáin agus Phoiblí ó dheireadh mhí Iúil 2004. Go díreach roimh bhunú an Bhoird, rinneadh líon suntasach éileamh a bhí ann cheana féin a chur isteach go tapa sa chóras dlíthíochta chun an próiseas nua a sheachaint. Ar an gcúis sin, ghlac sé tuairim is dhá bhliain sular thosaigh éilimh nua ag dul tríd an gcóras nua neamhsháraíochta a oibríonn an Bord. Le linn bhlianta tosaigh an Bhoird, tháinig méadú tapa ar an líon iarratas ach, ina dhiaidh sin, tháinig laghdú suntasach ar an ráta méadaithe tar éis na bliana 2007.

Ón tráth a shroich an Bord leibhéal iomlán gníomhaíochtaí sa bhliain 2007, tá méadú beag tagtha ar an líon éileamh gach bliain. Tá próifíl na n-iarratas amhail idir Dliteanas Gluaisteáin (ML), Dliteanas Fostóra (EL) agus Dliteanas Poiblí (PL) measartha comhsheasmhach le cúig bliana anuas ach tháinig laghdú ar éilimh EL ó bhí an bhliain 2008 ann agus is é sin an treocht is suntasaí a bhí ann le déanaí. I dTábla 1 in Aguisín 2, tugtar mionsonraí faoin líon éileamh a fuarthas faoi gach ceann de na catagóirí iarratas ón mbliain 2006 go deireadh na bliana 2011. Cé gur tháinig méadú os cionn 11% ar an líon éileamh sa bhliain 2007, tá moilliú tagtha ar an ráta méadaithe go corradh le 2.5% sa bhliain 2011, rud a léiríonn cobhsú foriomlán ar líon na n-iarratas.

## An Líon Dámhachtainí Díobhála Pearsanta

Is é atá i nDámhachtain ná luach an chúitimh is iníoctha le páirtí díobhálaithe nuair a thoilíonn freagróir le measúnú. Áiríonn cúiteamh Damáistí Ginearálta i leith péine agus fulaingthe arb í an díobháil is cúis leo go dáta an chúitimh agus sa todhchaí araon. D'fhéadfadh Damáistí Speisialta a bheith san áireamh i nDámhachtain, is é sin, damáistí i leith caillteanais airgeadais go dáta an chúitimh agus sa todhchaí araon e.g. cailleadh pá, costas cúraim liachta etc. Baineann sonraí dámhachtana atá ann sa tuarascáil seo le luach iomlán Dámhachtana agus ní dhéantar idirdhealú idir Damáistí Ginearálta agus Damáistí Speisialta.

Déantar damáistí a mheasúnú trí úsáid a bhaint as an Leabhar Cainníochtaí ar treoir é maidir le leibhéil chúitimh in Éirinn (agus atá ar fáil ag www.injuriesboard.ie). Faoi théarmaí an Achta um Dhliteanas Sibhialta & Cúirteanna 2004, tá ceangal dlíthiúil ann freisin go ndéanfaidh na Breithiúna aird ar an Leabhar Cainníochtaí. Ciallaíonn sé sin, i gcás ina ndéanann an Bord roinnt cásanna a scaoileadh leis na Cúirteanna, go bhfuil feidhm ag an leibhéal céanna dámhachtainí maidir le díobhálacha comhchosúla fiú amháin más gá déileáil le díospóidí a bhaineann le saincheisteanna dlíthiúla (i.e. dliteanas) in éisteacht sáraíochta ó bhéal. De réir mar a bhíothas ag ceapadh, éiríonn díospóidí den sórt sin i dtuairim is an tríú cuid de chásanna díobhála pearsanta. De bharr phróiseas riarachán an Bhoird, táthar tar éis dhá thrian de na cásanna go léir eile a bhaineann le Dliteanas

Gluaisteáin, Ionaid Oibre agus Áite Poiblí a aistriú ó phróiseas fadálach dlíthíochta gan ghá lena ngabhann costais ar na páirtithe go léir lena mbaineann. Tá sé sin go díreach i gcomhréir leis an sprioc atá leagtha amach don Bhord mar go léiríonn sonraí stairiúla nach mbeadh thart ar an tríú cuid d'éilimh oiriúnach le haghaidh 'measúnú amháin' ós rud é go bhfuil díospóidí dlíthiúla ann maidir le dliteanas nó maidir le saincheisteanna a thagann chun cinn.

Is sa bhliain 2005 a rinne an Bord na chéad dámhachtainí. Tháinig méadú suntasach ar an líon dámhachtainí sa bhliain 2006 agus shroich an próiseas nua 'staid shocair' sa bhliain 2007. Ó shin i leith, d'fhan an líon dámhachtainí gan aon athrú mór agus, ar an meán, tá 8,500-9,000 dámhachtain á ndéanamh in aghaidh na bliana.

I dteannta dámhachtainí foirmiúla, is cosúil go ndéantar líon comhchosúil cásanna a réiteach idir na páirtithe mar thoradh ar an mBord ag tabhairt na bpáirtithe le chéile ag an tús trínár nIonad Seirbhíse (atá ar oscailt ó 8am go 8pm). Is é is éifeacht fhoriomlán leis sin ná go bhfuil laghdú tagtha ar an líon cásanna ina gcuirtear tús le dlíthíocht ó circa 33,000 sa bhliain sna 5 bliana roimh bhunú an Bhoird go dtí tuairim is 14,000 le blianta beaga anuas. Dá bhrí sin, táthar tar éis an aidhm chun líon suntasach cásanna a aistriú ón gcóras dlíthíochta a bhaint amach. As measc na cásanna atá fágtha agus a ndéantar dlíthíocht a thionscnamh ina leith fós, téann líon níos lú ná 10% díobh ar aghaidh chuig éisteacht iomlán ó bhéal. Níl sé soiléir faoi láthair cén fáth go dtéann an t-iarmhéid, is é sin, os cionn 90% de chásanna den sórt sin, ar aghaidh chun dlíthíocht a thionscnamh. Táthar ag súil go bhfaighfear soiléiriú ina leith sin nuair atá sonraí maidir le réitigh ar fáil ón tionscal árachais.

I dTábla 2 in Aguisín 2, tugtar mionsonraí faoin líon dámhachtainí atá déanta ag an mBord ar bhonn bliantúil ón mbliain 2005 go dtí deireadh na bliana 2011. Ón trath a shroich an Bord leibhéal iomlán gníomhaíochtaí sa bhliain 2007, bhí an líon dámhachtainí measartha socair agus bhí tuairim is 8,500 dámhachtain in aghaidh na bliana ann, ar an meán, go dtí an bhliain 2011. Mar gheall ar an leibhéal feidhmíochta atá bainte amach, éascaíodh méadú suntasach ar na dámhachtainí a rinneadh sa bhliain 2011, is é sin, méadú go 9,833. Le linn pleanáil a dhéanamh do na 5 bliana atá romhainn, samhlaíonn an Bord, ar bhonn na rátaí tionóisce sa tír seo agus mar gheall ar léiriú atá faighte ó threochtaí maidir le héilimh, go mbeidh riachtanas ann measúnú a dhéanamh ar thart ar 10,000 cás sa bhliain.

## Comparáid leis na Cúirteanna

I dTábla 3 in Aguisín 2, tugtar mionsonraí faoin líon dámhachtainí a rinneadh sna 5 bliana ó 2006 go 2010, ar tréimhse í ina raibh na méideanna comhfhreagracha cúitimh a dámhadh comhionann le suim €1 bhilliún san iomlán. Ba é a bhí sna méideanna a dhámh na Cúirteanna ar fud na tíre le linn na tréimhse céanna ná suim iomlán €320 milliún. I gcomparáid le líon iomlán carnach 39,649 ndámhachtain a rinne InjuriesBoard.ie (IB), ba é a bhí i líon na ndámhachtainí a rinne na Cúirteanna sa tréimhse chéanna ná 6,177. Táthar ag súil go gcoimeádfar an pátrún sin ar bun sna blianta atá romhainn agus go ndéanfaidh an Bord measúnú ar líon níos suntasaí cásanna ná na Cúirteanna agus go mbeidh na Cúirteanna ag díriú ar chásanna ina dtagann saincheisteanna dlíthiúla nó díospóidí chun cinn.

## Luachanna/Raoin na nDámhachtainí

I dTábla 4 in Aguisín 2, tugtar miondealú ar na dámhachtainí a rinneadh sa bhliain 2011 de réir bandaí luacha agus catagóire éilimh. Tá an miondealú de réir catagóire éilimh comhsheasmhach ón tús agus baineann tuairim is 70% de na dámhachtainí le Dliteanas Gluaisteáin nó Fostóra as a leanann an líon is lú éileamh. Taispeánann anailís ar na dámhachtainí de réir bandaí luacha go mbaineann luach faoi bhun €38,000 le formhór mór na gcásanna. Tá sé sin comhsheasmhach leis na cásanna a éisteadh sna Cúirteanna áit a dtarlaíonn an chuid is mó ar fad díobh sa Chúirt Chuarda (ina bhfuil teorainn dhlínsiúil €38,000 i bhfeidhm). Léiríonn sé sin go bhfuil an líon is mó éileamh san aicme lena ngabhann luach íseal go luach meánach agus inarb annamh a tharlaíonn

sé go bhfuil díobhálacha de chineál an-dian i gceist, rud as a bhfuiltear an-bhuíoch. Tá sé sin comhsheasmhach le pátrúin stairiúla freisin. Táthar ag súil go leanfar den phátrún seo sna blianta atá romhainn.

I bhFíor 1 in Aguisín 2, taispeántar an dámhachtain is airde agus an dámhachtain is ísle atá déanta ag an mBord go dtí seo. Ba é a bhí sa dámhachtain ab airde ná €829,444 agus ba é a bhí sa dámhachtain ab ísle ná €50. Tugann sé sin léiriú ar an raon cásanna lena ndéileálann an Bord, is é sin le rá, cásanna sa raon ó dhéine an-ard go déine an-íseal. Maidir leis an am atá le teacht, forbróidh an Bord a chórais agus a chumais chun a chinntiú gur féidir leis measúnú a dhéanamh ar na cásanna is mó déine agus is lú déine gan aon uasteorainn a bheith ann maidir leis an leibhéal damáistí ar féidir leis an mBord iad a dhámhadh.

## Costais/Coigilteas maidir le Soláthar Seirbhísí

Sular bunaíodh an Bord, meastar gurbh é a bhí san fhorchostas a ghabh le cúiteamh a sholáthar d'íospartach tionóisce ná 46% de bhreis ar an méid cúitimh iarbhír. Nuair a bunaíodh an Bord laghdaigh sé na costais go méid is lú ná 8%. Cé gur tháinig méadú beag ar chostais soláthair seirbhísí ón mbliain 2007 ar aghaidh, ar méadú é a tharla de bharr costas méadaithe éilitheora (costais liachta/Alt 44) agus táille méadaithe freagróra, is dóigh go dtiocfaidh laghdú orthu de bhun an laghdaithe shuntasaigh ar an táille freagróra ó €1,050 go €850 le héifeacht ón 1 Feabhra 2011. Éiríonn an laghdú ar ár dtáille próiseála as forchostais laghdaithe lena n-áirítear díbhoilsciú pá, téarmaí níos fearr soláthróra agus rátaí seirbhíse níos fearr.

I bhFíor 2 in Aguisín 2, taispeántar an t-athrú ar chostais maidir le soláthair seirbhísí ó bhí an bhliain 2007 ann. Tríd is tríd, is beag an méid luaineachta a bhí ann agus d'fhan costais sa raon ó 7% go 9%. Is toradh fabhrach é sin i gcomparáid le dlíthíocht ar maidir léi a tuairiscíodh i dtuarascáil de chuid an Bhoird Chomhairligh um Árachas Gluaisteáin (MIAB) gurbh ionann na forchostais agus 46% ach is dóichí ná a mhalairt gur 50%-60% atá ann anois. De réir mar atá tionchar na táille laghdaithe freagróra ag dul i gcion ar chúrsaí sa bhliain 2012, tiocfaidh laghdú eile ar na costais a bhaineann le soláthar seirbhísí i gcomparáid leis an gcóras a bhí ann roimhe seo.

### Coigilteas costais mar thoradh ar Dhámhachtainí

Sa bhliain 2011, d'éirigh le InjuriesBoard.ie an leibhéal reatha cúitimh a sholáthar ar chostas 8.8% i gcomparáid le 46% faoin seanchóras dlíthíochta a bhí ann sular bunaíodh an Bord. Níl na costais a bhaineann le soláthar seirbhísí as InjuriesBoard.ie bunaithe ar mhéid na dámhachtana agus is é is mó atá i gceist leo ná táillí seasta d'éilitheoirí (€45) agus d'fhreagróirí (€850). Mar a tuairiscíodh roimhe seo inár dTuarascáil Bhliantúil, tugann sonraí atá ar fáil ó scéimeanna cúitimh atá lasmuigh de réimse freagartha an Bhoird fós le tuiscint gur ábhar imní suntasach go fóill iad, do thomhaltóirí agus d'iomaíochas ghnó na hÉireann, na táillí dlíthíochta gaolmhara agus na heisíocaíochtaí gaolmhara. Dealraíonn sé go meallann go leor cásanna díobhála pearsanta, a bpróiseáiltear iad lasmuigh de chóras neamhsháraíochta an Bhoird, forchostais dlíthíochta atá go mór níos airde ná an meánmhéid 46%, mar a aithníodh i dtuarascáil 2004 an Bhoird Chomhairligh um Árachas Gluaisteáin.

I dTábla 5 in Aguisín 2, tugtar mionsonraí faoi líon na ndámhachtainí ar glacadh leo do na blianta 2007-2011. Tá an ráta glactha measartha comhsheasmhach le 4 bliana anuas agus, ar an meán, glacadh le tuairim is 5,500 dámhachtain gach bliain. Leagtar amach sa tábla freisin luach foriomlán na ndámhachtainí ar glacadh leo – meán tuairim is €110m go €120m gach bliain. Déanann an meascán éileamh difear do luach an chúitimh, is é sin le rá, an éilimh Dhliteanais Gluaisteáin, Dhliteanais Phoiblí nó Dhliteanais Fostóra atá i gceist agus déantar difear dó freisin mar gheall ar dhéine na ndíobhálacha laistigh de gach ceann ar leith de na catagóirí sin.

Chun an coigilteas díreach a ríomh, ní chuirimid san áireamh ach na dámhachtainí sin a nglacann an t-éilitheoir agus an freagróir araon leo. Is ionann an cur chuige sin, dá bhrí sin, agus ríomhaireacht an-choimeádach ar thionchar tairbhiúil an Bhoird mar nach bhfabhraímid creidiúint i leith na gcásanna go léir ina n-éascaímid réiteach díreach ag céim luath dár bpróiseas trí shaoráid ár nIonaid Seirbhíse ná aon chreidiúint i leith cásanna a gcuirtear deireadh leo le linn ár bpróisis nó díreach ina dhiaidh nuair a bhaintear réiteach amach idir na páirtithe de bharr faisnéise a sholáthraíonn an Bord gan dul ar aghaidh chuig éisteacht Chúirte.

Gan aon amhras, bíonn coigilteas breise ann i ndáil leis na cásanna sin a éascaímid faoin gcóras nua agus a ndéanfaí imeachtaí a thionscnamh ina leith faoin seanchóras. Mar gheall ar ár gcuid amlínte agus ar na seirbhísí a thairgtear san Ionad Seirbhíse, tá soiléire ann, tugtar tacaíocht i leith réiteach níos luaithe a fháil agus sainaithnítear cásanna nach gá leanúint ar aghaidh chuig ár bpróiseas iomlán dámhachtana maidir leo. Go bunúsach, cruthaíonn an próiseas timpeallacht inar féidir le héilitheoirí agus freagróirí cúnamh a fháil agus teacht ar réiteach luath gan dámhachtain fhoirmiúil. Meastar go ndéantar suas go 8,000 cás a réiteach gach bliain idir na páirtithe tar éis teagmháil tosaigh a dhéanamh le hIonad Seirbhíse an Bhoird a éascaíonn cumarsáid fheabhsaithe idir na príomh-gheallsealbhóirí. Níl sonraí cuimsitheacha maidir le leibhéal na réiteach sin ar fáil ón tionscal Árachais san fhormáid is gá chun gur féidir anailís iomlán a dhéanamh orthu.

I dTábla 6 in Aguisín 2, taispeántar costais iarbhír InjuriesBoard.ie i ndáil le soláthar seirbhísí ó bhí an bhliain 2007 ann (€10.86m sa bhliain 2011) agus déantar comparáid, i gcás gach bliana, leis an bhforchostas measta i ndáil leis an dámhachtain chéanna a sholáthar faoin gcóras dlíthíochta a bhí ann roimhe seo (46%) i.e. €56.45m sa bhliain 2011. Déantar an coigilteas a éiríonn as sin a thaispeáint sa rae ag bun an Tábla. Ba é a bhí i gcoigilteas díreach InjuriesBoard.ie sa bhliain 2011 ná €45.59m. Bhí coigilteas bliantúil idir €40 milliún agus €50 milliún ann idir na blianta 2007 agus 2011. Trí coigilteas breise tuairim is €30m sa bhliain 2005 agus 2006 a chur leis sin, ba é a bhí sa choigilteas iomlán a baineadh amach ná suim os cionn €250m faoi dheireadh na bliana 2011. Níl ansin ach codán den choigilteas foriomlán nach féidir a ríomh go cruinn go dtí go bhfaightear sonraí ón tionscal Árachais.

## Amlínte

Leis an Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003, ceanglaítear ar an mBord a mheasúnú ar dhamáistí a chríochnú laistigh de 9 mí ón tráth a thoilíonn an freagróir leis an éileamh ach ceadaítear roinnt eisceachtaí ina leith sin. Thar thréimhse iomlán a chuid oibríochtaí, tá an Bord tar éis an ceanglas sin a chomhlíonadh beagnach i gcónaí agus is minic a críochnaíodh measúnuithe roimh an teorainn ama sin. Ar an meán, ba é a bhí san am a bhí ann ón toiliú go dtí an dámhachtain ná tréimhse níos giorra ná 7 mí. Ar mhaithe le comparáid a dhéanamh, sular bunaíodh an Bord, thógfadh sé 36 mhí ar an meán faoin gcóras dlíthíochta a bhí ann roimhe seo chun dámhachtain a sholáthar. Rinneadh tuairim is 93% de na cásanna a mheasúnú laistigh den amscála 9 mí agus rinneadh an iarmhéid a mheasúnú de réir na n-eisceachtaí ceadaithe atá ann san Acht.

Sa Chaibidil seo dírítear ar roinnt forbairtí a tharla sa timpeallacht leathan díobhála pearsanta ó bunaíodh an Bord agus measúnaítear an tionchar ionchasach i dtéarmaí straitéisí a fhorbairt thar na 5 bliana atá díreach romhainn.

# Forbairtí Dlíthiúla

Bunaíodh an Bord faoi théarmaí an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003. Tá líon suntasach forbairtí dlíthiúla tar éis tarlú ó shin i leith.

## An tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú) 2007

Ba é an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a thug isteach an tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú) 2007. Thug an Bord dá aire go raibh líon méadaitheach cásanna ann inarbh é a tharla ina leith, tar éis d'fhreagróirí glacadh le measúnuithe maidir leo ach tar éis d'éilitheoirí diúltú do na measúnuithe sin agus diúltú dóibh gan ghá dar linne, ná gur tugadh chun críche iad tar éis an figiúr céanna cúitimh a bhaint amach ach imeachtaí dlíthiúla a bheith tionscanta agus costais bhreise dhlíthiúla inseachanta a bheith tabhaithe. In imthosca den sórt sin, foráiltear leis an Acht Leasaitheach, maidir le héilitheoir nach bhfaigheann dámhachtain atá níos mó ná méid dhámhachtain bhunaidh InjuriesBoard.ie, nach ngnóthóidh sé/sí a chostais/costais dhlíthiúla agus gur baol dó/di a bheith freagrach as costais a thabhaíonn an freagróir/cosantóir. Déantar foráil leis an Acht Leasaitheach freisin nach bhfuil na costais dhlíthiúla a thabhaítear le linn déileáil le próiseas InjuriesBoard.ie inghnóthaithe sa phróiseas dlíthíochta.

## Dúshláin

Sa tréimhse 2005-2010, tionscnaíodh roinnt athbhreithnithe breithiúnacha i gcoinne an Bhoird. D'éirigh breithiúnais as dhá chás agus bhí tionchar ag na breithiúnais sin ar oibríochtaí an Bhoird.

### O'Brien & an Dlí-Chumann

I mí Eanáir 2005, thug an Ard-Chúirt Breithiúnas i gcás a thionscain éilitheoir (Declan O'Brien) a chuir i gcoinne chleachtas nua an Bhoird ar dá réir a scríobhadh go díreach chuig éilitheoirí agus cóip den chomhfhreagras a chur chuig a n-aturnaetha. Rinne an Bord achomharc chun na Cúirte Uachtaraí i gcoinne na breithe sin agus tugadh an Breithiúnas ar an 19 Nollaig 2008.

Sheas an Chúirt Uachtarach le breith na hArd-Chúirte ach tugadh soiléiriú á rá go raibh sé ceadaithe comhfhreagras a chur chuig éilitheoirí. Chinn an Chúirt go bhfuil an Bord i dteideal, le linn a ghnó a bhainistiú, éilitheoir a choimeád ar an eolas faoin dul chun cinn maidir lena éileamh. Dúirt an Chúirt go raibh an Bord i dteideal éilitheoir a chur ar an eolas, mar shampla, trí chóip d'aon litir a cuireadh chuig a aturnae a chur chuigesean an tráth céanna agus a chuirtear an litir sin. Coimeádann sé sin éilitheoirí ar an eolas, tá sé comhsheasmhach le beartas an Bhoird agus tagann sé faoi réim a fheidhmeanna reachtúla. D'fháiltigh an Bord roimh an soiléiriú sin ón gCúirt Uachtarach agus tá cóipeanna á gcur aige chuig éilitheoirí ag céimeanna tábhachtacha den phróiseas.

Cuireadh fáilte freisin roimh an aitheantas a tugadh do stádas bunaithe PIAB mar ghníomhaireacht Stáit ar aitheantas é a léirítear sa sliocht seo a leanas as Breithiúnas Macken J sa Chúirt Uachtarach –

*"maidir le beartas poiblí arb é is aidhm dó ná costais dhlíthiúla agus costais ghaolmhara a éiríonn in imeachtaí cúirte a laghdú, agus arb é is bonn leis, inter alia, ná go ndéanfar éilimh ar dhíobhálacha pearsanta a chur de láimh ar mhodh simplí díreach trína gcumasófar d'éilitheoir iarratas a dhéanamh ar an scéim reachtúil mheasúnaithe agus tairbhiú ón scéim sin gan ionadaíocht dhlíthiúil más mian leis/léi déanamh amhlaidh, is aidhm beartais phoiblí é atá go hiomlán cuí agus inghlactha agus is bonn cuí é le haghaidh scéime reachtúla den chineál atá á bhreithniú anseo."*

### Plewa agus Giniewicz

I mí Dheireadh Fómhair 2010, rialaigh an Ard-Chúirt ar dhá athbhreithniú bhreithiúnacha a thionscain dhá éilitheoir Pholannacha a ndearna an Bord measúnú ar a gcuid éileamh. Ghlac an dá éilitheoir le dámhachtain an Bhoird ach chuir siad i gcoinne diúltú ar thaobh an Bhoird na costais dhlíthiúla uile a d'éiligh a n-aturnae a cheadú. I measc na gcúiseanna a cuireadh ar aghaidh i dtaobh cén fáth is ceart táillí a bheith iníoctha, dúradh gur náisiúnaigh eachtracha iad na héilitheoirí, nach raibh Céimeanna Dlí acu agus nach raibh siad ina nAbhcóidí ná ina nAturnaetha cáilithe. Ba iad an dá chás sin a éisteadh na 'príomh'-chásanna as measc níos mó ná fiche cás comhchosúil eile a raibh náisiúnaigh aonair neamh-Éireannacha páirteach iontu ach ionadaíocht acu go léir ó aon ghnólacht dlí amháin.

Sa Bhreithiúnas, fuarthas i bhfabhar an Bhoird ar gach scór agus diúltaíodh d'éilimh gur ghníomhaigh sé go neamhréasúnach nó gur sháraigh sé nósanna imeachta córa. De bharr an rialaithe, cuireadh deireadh leis an bhféidearthacht go ndéanfaí ardleibhéil costas gan ghá a thabhairt isteach sa chóras nua agus/nó go ndéanfaí táillí dlíthiúla a íoc i ngach cás a thugtar os comhair an Bhoird. Soiléiríonn an Breithiúnas nach mór d'éilitheoirí a roghnaíonn a n-aturnae féin a úsáid a gcostais dhlíthiúla féin a íoc as an gcúiteamh díobhála a dhámhann an Bord, mura rud é go mbraitheann an Bord go bhfuil gá le cúnamh dlíthiúil/costais dhlíthiúla i gcásanna sonracha.

Sular bunaíodh an Bord, ba é a bhí sna costais dlíthíochta a bhain le héilimh ná méid 46% de bhreis ar na Damáistí a d'íoc freagróirí nó a n-árachóirí. Ina theannta sin, is minic a d'íoc éilitheoirí táillí eile aturnae/cliaint dhílis lena n-ionadaithe féin. Ón tráth a bunaíodh InjuriesBoard.ie, maidir le cásanna a réitíonn an Bord, is é an meánchostas soláthair seirbhíse a bhaineann leo ná thart ar 8% atá iníoctha ag freagróirí.

## Conclúid

Is é atá sa chonclúid ghinearálta atá le tarraingt as sin ná gur léir, mar thoradh ar an reachtaíocht leasaitheach agus ar na dúshláin shuntasacha a bhí le sárú againn ina leith, go bhfuil an reachtaíocht atá mar bhonn agus mar thaca le hoibriú an Bhoird daingean. Dála aon reachtaíochta nua, tá sé réasúnach a bheith ag súil go mbeadh gá le roinnt leasuithe agus go gcuirfí i gcoinne roinnt gnéithe di. Trí Acht Leasaitheach 2007 soláthraíodh réiteach ar fhadhb ionchasach nár samhlaíodh ag an tús. De bharr na mbreithiúnas suntasach dá dtagraítear anseo roimhe seo, bhí ar an mBord oiriúnú a dhéanamh ar a bpróisis ach tá a chuid croíchuspóirí comhlíonta aige. Mar gheall ar thoradh chásanna Plewa agus Giniewicz, tá soiléire iomlán ag an mBord maidir lena ról i dtaca le measúnú a dhéanamh ar éilimh agus i dtaca le costais a thabhaítear le réasún agus de riachtanas a lamháil más gá sin chun an reachtaíocht a chomhlíonadh. Is féidir leis an mBord a bheith ag súil leis go leanfaidh sé de mheasúnú a dhéanamh ar chásanna gan aon ghá le tuilleadh reachtaíochta leasaithí. Leanfaidh an Bord den reachtaíocht trína n-éascaítear measúnú cúitimh ar mhaithe leis na príomh-gheallsealbhóirí, arb iad na héilitheoirí agus na freagróirí iad, a chur i bhfeidhm.

# Rátaí Préimhe Árachais

Bunaíodh an Bord mar phríomhshraith de Chlár Athchóirithe Árachais an Rialtais. I mblianta tosaigh na mílaoise, bhí costais árachais in Éirinn ag leibhéal nach raibh inchosanta. Bhí dochar neamh-inghlactha á dhéanamh do ghnóthaí agus do thomhaltóirí. Ba é ba mhó a spreag bunú an Bhoird ná iarracht chun laghdú a dhéanamh ar fhorchostais na dlíthíochta a ghabh le cúiteamh díobhála pearsanta a sholáthar agus, ag an am céanna, a chinntiú go ndéanfaí íocaíocht a thabhairt do pháirtithe díobhálaithe ag céim níos luaithe. Maidir leis an bhforchostas dlíthíochta sin a measadh a bheith ag leibhéal 46% de bhreis ar an gcúiteamh é fein, ceapadh go raibh tionchar mór acu ar chostas árachais, go háirithe árachas éigeantach gluaisteáin in Éirinn. Ba é ba chúis leis an gcostas ard ná nach raibh an dara rogha ann ach páirt a ghlacadh in imeachtaí i dtimpeallacht dlíthíochta a bhí costasach agus fhadálach agus a raibh táillí suntasacha dlíthiúla, mar aon le táillí eile le haghaidh saineolaithe agus eisíocaíochtaí, ag baint léi. Tar éis an Bord a bhunú, aistríodh beagnach dhá thrian de na cásanna ó dhlíthíocht gan ghá agus rinneadh iad a thabhairt isteach i múnla réitigh ísealchostais de réir mar a bhí ceaptha. Ba é an toradh ba thábhachtaí a bhí ann ná go raibh teidlíochtaí cúitimh á soláthar do pháirtithe díobhálaithe ag céim níos luaithe ná mar a bhí á dhéanamh roimhe seo, rud a chuidíonn le téarnamh níos tapa lena ngabhann cuid mhór tairbhí coimhdeacha atá aitheanta ag saineolaithe athshlánúcháin. Ina theannta sin, mar chuid den Chlár Athchóirithe Árachais sin, tugadh isteach athchóirithe comhthreomhara ar an gcóras dlíthíochta trí phionóis arda a leagan síos i ndáil le ró-éilimh dhíobhála pearsanta nó éilimh mhíthreorach dhíobhála pearsanta a dhéanamh de réir mar atá leagtha amach san Acht um Dhliteanas Sibhialta & Cúirteanna 2004.

Níorbh fhada gur léir an tionchar a bhí ag gabháil le hoibriú an Bhoird. De réir sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO), taispeántar gur tháinig laghdú de réir a chéile ar phréimheanna gluaisteáin tar éis bhunú InjuriesBoard.ie suas go deireadh na bliana 2008 nuair a tháinig ardú orthu arís. Ach tá préimheanna fós ag leibhéal atá thart ar 30% níos ísle ná mar a bhí sular bunaíodh an Bord. Taispeánann na sonraí is déanaí ón CSO an t-ardú ar chostais árachais gluaisteáin thar na blianta 2009, 2010 agus 2011 – féach Tábla 7 agus Fíor 3 in Aguisín 2 den tuarascáil seo. Ní léir ar fad an réasúnú is cúis leis na méaduithe préimhe a bhí ann le déanaí mar go ndearnadh costais phróiseála an Bhoird ag an leibhéal céanna ó bunaíodh é go dtí gur laghdaíodh iad le déanaí agus, dá bhrí sin, níl aon mhéadú suntasach tagtha ar na costais a ghabhann le soláthar seirbhísí ná le leibhéal na ndámhachtainí a ghabhann le cásanna díobhála pearsanta atá measúnaithe ag an mBord. Is fiú a rá freisin go bhfuil sé de nós ag an tionscal Árachais éilimh dhíobhála pearsanta a lua mar nithe a bhfuil tionchar acu ar leibhéil na bpréimheanna.

Tá sé an-soiléir go bhfuil oibriú an Bhoird tar éis brú suntasach a chur ar phréimheanna árachais ar brú é as ar lean laghduithe ar na préimheanna sin. Sna 5 bliana atá romhainn, leanfaidh an Bord de bheith ag oibriú agus é mar aidhm aige a chuid costas foriomlán a choimeád ag an leibhéal céanna agus, i gcás inar féidir sin, na costais sin a laghdú. Dá mhéad cásanna is féidir a aistriú amach as dlíthíocht is amhlaidh is mó an tionchar dearfach a bheidh ann ar an gcoigilteas maidir le costais soláthair seirbhísí. Leanfaidh an Bord dá chuid straitéisí a ailíniú chun tacú leis an gcuspóir sin.

# Staitisticí Cúirte maidir le hÉilimh Dhíobhála Pearsanta

Sular bunaíodh InjuriesBoard.ie, bhíodh tuairim is 33,000 éileamh díobhála pearsanta á dtionscnamh i gcóras na gcúirteanna (an Ard-Chúirt agus an Chúirt Chuarda) gach uile bhliain, rud ba chúis le costais dhlíthiúla arda agus rud a thóg trí bliana, ar an meán, lena thabhairt chun críche. Tá ísliú tagtha, go corradh le 14,000 cás, ar an bhfigiúr a bhaineann le dlíthíocht.

Chun an próiseas nua neamhsháraíochta a tugadh isteach le bunú InjuriesBoard.ie a sheachaint, rinneadh deifir chun gach éileamh ionchasach a chur isteach sa chóras dlíthíochta. `Dá bharr sin, bhí laghdú suntasach ann i dtaca leis an líon cásanna a tionscnaíodh san Ard-Chúirt sa bhliain 2004 ó 15,000 go 750 sa bhliain 2005. De réir mar a tháinig an Bord chun bheith lánfheidhmeach, tá méadú tagtha, de réir mar a bhíothas ag ceapadh, ar an líon cásanna a thionscnaítear sna cúirteanna de réir mar a bhí éilimh iomchuí e.g. cásanna díospóide á scaoileadh ag an mBord lena mbreithniú sna cúirteanna. Is é a lean as an tráthú sin ná ardú sealadach a luathaíodh sa bhliain 2006 agus sa bhliain 2007 ach tá sé níos seasta ó bhí an bhliain 2008 ann de réir mar a ceapadh.

Níor samhlaíodh riamh go ndéanfadh InjuriesBoard.ie **gach** cás a aistriú amach as na cúirteanna. Le reachtaíocht PIAB samhlaíodh raon cúinsí ina scaoileann an Bord éilimh chuig na Cúirteanna e.g.

- i gcás nach dtoilíonn freagróir le tús a chur le measúnú InjuriesBoard.ie (má bhí dliteanas faoi dhíospóid)
- más rud é, mar gheall ar chineál na díobhála, nach gcreideann an Bord gur féidir leis measúnú a dhéanamh laistigh den amscála naoi mí a éilítear faoin Acht
- i gcás inar díobháil de chineál síceolaíoch, go hiomlán nó go formhór, an díobháil a tharla.

Déantar na cásanna nach ndéileálann an Bord leo a leagan amach sa reachtaíocht agus sna leasuithe iardain a rinneadh uirthi, e.g.

- i gcás ina bhfuil an cineál dliteanais lasmuigh de chúram an Bhoird faoi láthair e.g. Faillí Liachta
- i gcás nithe a bhaineann le dlí agus conarthaí idirnáisiúnta a bheith i gceist, amhail tionóiscí Muirí agus Eitlíochta.

Ós rud é go bhfuil tionchar iomlán bhunú an Bhoird imeartha ar an gcóras dlíthíochta, tá laghdú an-suntasach tar éis teacht ar an líon cásanna a thionscnaítear ar mhodh dlíthíochta, is é sin le rá, tá tuairim is 14,000 cás ann anois i gcomparáid le c. 33,000 toghairm in aghaidh na bliana sa tréimhse 2001-2003, díreach roimh bhunú an Bhoird.

Cé gur léir tairbhí mhúnla an Bhoird i dtéarmaí cásanna a aistriú amach as dlíthíocht, is é an rud nach bhfuil chomh soiléir céanna ná an tionchar dearfach a bhí aige sin ar chóras na gCúirteanna i gcoitinne. D'imir aistriú beagnach 20,000 cás ó dhlíthíocht gach bliain tionchar dearfach ar acmhainní na gCúirteanna agus is é a lean as sin ná trialacha a bheith ar fáil níos luaithe anois i gcuid mhór cásanna, idir chásanna coiriúla agus chásanna tráchtála. Is rud luachmhar an méid sin sna haimsirí seo ina bhfuil athchóiriú na hearnála poiblí ar siúl agus ina mbíonn orainn torthaí níos mó a bhaint amach ach acmhainní laghdaithe a bheith againn.

Cé gur samhlaíodh go ndéanfadh an Bord dhá thrian de na cásanna a aistriú amach as dlíthíocht, tá ceist ann i dtaobh an bhfuil gá le dlíthíocht chun réiteach sásúil a fháil ar na cásanna go léir sin. Cé go mbíonn díospóid dhlíthiúil ann i gcuid mhór cásanna agus go mbíonn gá le breithniú cúirte maidir le cuid acu, déantar roinnt de na cásanna a scaoileann an Bord chuig dlíthíocht a scaoileadh amhlaidh mar go bhfuil siad lasmuigh de chúram an Bhoird. Cé gur faoin lucht déanta beartais agus reachtaíochta é sa deireadh cinneadh a dhéanamh i dtaobh na nithe atá laistigh de chúram an Bhoird, cabhróidh an Bord leis an lucht déanta cinntí sin de réir mar is gá. Samhlaíodh ar dtús, tráth bunaithe PIAB Eatramhach i mí Dheireadh Fómhair 2002, go ndéanfadh an Bord measúnú ar chásanna faillí liachta nach raibh aon saincheisteanna dlíthiúla ag baint leo ach, ina dhiaidh sin, mar thoradh ar chaibidlíochtaí leanúnacha maidir le bunú córais slánaíochta uile-fhiontair do dhochtúirí agus d'ospidéil, rinneadh socrú sa reachtaíocht a dréachtaíodh sa bhliain 2003 le haghaidh eisiaimh shealadaigh.

# Comhairliúchán le Geallsealbhóirí

Sa dara leath den bhliain 2010 agus go luath sa bhliain 2011, bhí an Bord páirteach i sraith comhairliúcháin leis na príomh-gheallsealbhóirí, lena n-áirítear an lucht bainistíochta agus an fhoireann, chun plé a dhéanamh ar an dul chun cinn ó bhí an bhliain 2004 ann agus ar aon saincheisteanna arbh fhiú aird a thabhairt orthu i gcomhthéacs an Phlean Straitéise seo. Tá liosta de na grúpaí ar seoladh cruinnithe leo le fáil in Aguisín 1 a ghabhann leis an tuarascáil seo. Ina measc sin áiríodh ionadaithe freagróirí agus éilitheoirí, agus leasanna gnó agus ceardchumainn, mar aon le saineolaithe ar nithe a bhaineann le sábháilteacht agus leigheas chomh maith le roinnt gníomhaireachtaí eile stáit.

D’aithin na geallsealbhóirí go forleathan go raibh an Bord tar éis an sainordú a tugadh dó san Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 a chomhlíonadh. Chreid grúpaí freagróirí, gnó agus tomhaltóirí go raibh méid suntasach bainte amach ag an mBord maidir le dul i ngleic leis na costais a ghabhann le réiteach éileamh díobhála pearsanta agus go raibh tionchar dearfach aige sin freisin ar rátaí préimheanna árachais.

Agus iad ag tráchtaireacht go ginearálta ar thimpeallacht na n-éileamh, chreid an chuid is mó de na geallsealbhóirí go raibh an líon éileamh a bhí ann tar éis cobhsú i gcoitinne agus nár tharla an ‘borradh’ a raibh dreamanna áirithe ag súil leis i bhfianaise an chúlaithe eacnamaíochta. Luaigh siad freisin gur saincheist i gcónaí iad costais dhlíthiúla maidir leis na cásanna sin inar tionscnaíodh dlíthíocht fiú amháin i gcás nach raibh aon ghá le dul ar aghaidh chuig éisteachtaí iomlána ó bhéal.

Bhí meascán tuairimí ann maidir lena inmhianaithe a bhí sé go ndéanfadh an Bord acmhainní a infheistiú i bhfeabhsú feasachta agus tuisceana ar a ról, is é sin, bhí grúpaí freagróirí agus éilitheoirí i bhfabhar déanamh amhlaidh ach léirigh grúpaí dílsithe dlíthiúla go raibh dóthain feasachta ann. Léirigh roinnt geallsealbhóirí gur mhian leo go leanfaí múnla neamhsháraíochta agus cost-éifeachtúil an Bhoird chuig réimsí eile i gcás inar chuí sin.

# Múnla Maoiniúcháin

Mar Chomhlacht Stáit, is múnla uathúil é múnla féinmhaoinitheach an Bhoird ar múnla é a d'fhorchuir an Bord féin. Cé go gceadaítear deontais Stáit sa reachtaíocht atá ann mar bhonn agus mar thaca le bunú an Bhoird, rinne InjuriesBoard.ie rogha rathúil chun múnla féinmhaoinitheach a fhorbairt agus tá an rogha sin curtha i bhfeidhm aige ó thosaigh sé sa bhliain 2004. Ní áirítear ansin an deontas €6.9m mar mhaoiniúchán tosaigh (atá aisíoctha go hiomlán leis an Stát amhail mí na Nollag 2011). Leantar den ioncam is gá chun íoc as costais reáchtála ó la go lá a ghiniúint as táille a ghearradh orthu seo a leanas:

- an freagróir, nuair a thoilíonn an freagróir le próiseas an Bhoird (€850 faoi láthair)
- an t-éilitheoir, nuair a thíolacann an t-éilitheoir iarratas (€45 faoi láthair) agus déantar an táille sin a ghnóthú, sa chuid is mó cásanna, mar chuid den dámhachtain.

Is é atá sa phríomhfhoinse ioncaim ná an táille a ghearrtar ar fhreagróirí agus faightear 90% den ioncam ón táille sin.

Murab ionann agus comhlachtaí eile stáit atá féinmhaoinitheach nó páirtmhaoinithe, ní fhaightear ioncam an Bhoird ar mhodh cánach nó tobhaigh ar an tseirbhís a sholáthraítear. Baineann an muirear freagróra (€850 faoi láthair) leis na freagróirí sin a roghnaíonn measúnú an cháis ag an mBord seachas costas i bhfad níos airde a thabhú trí ligean don éileamh lena mbaineann dul faoi dhlíthíocht. Faigheann an freagróir tairbhe as forchostas níos ísle a íoc agus déantar oibríochtaí an Bhoird a mhaoiniú ón méid sin.

Go dtí seo d'éirigh leis an múnla reatha agus is leor an t-ioncam ó tháillí chun caiteachais oibríochta a chlúdach agus, freisin, chun leibhéal críonna cúlchiste a sholáthar i gcomhréir le beartas cuí airgeadais de réir mar is gá i gcomhair rialachais mhaith chorparáidigh.

Rud an-tábhachtach nach mór breithniú a dhéanamh air le linn straitéis mhaoiniúcháin an Bhoird a bhreithniú do na chéad chúig bliana eile is ea ceist i dtaobh an ndéanfar athrú chuig íocaíocht níos cothroime fós as an múnla seirbhíse, gan a bheith ag brath ar thoiliú leis an bpróiseas iomlán measúnaithe chun táillí a ghiniúint.

De réir mar a fheabhsaíonn cuideachtaí árachais a gcuid clár luathréitigh tá féidearthacht ann nach mbeidh an múnla maoiniúcháin reatha chomh docht a thuilleadh agus a bhí sé roimhe seo. Sa chomhthéacs sin, ní mór don Bhord breithniú a dhéanamh i dtaobh conas is féidir leis costas an mhúnla a leathadh ar bhealach níos cothroime i measc úsáideoirí uile a sheirbhíse, go háirithe freagróirí agus cuideachtaí árachais. Cé gurb ionann figiúr a léiríonn go bhfuil dhá thrian de na cásanna á socrú/réiteach/measúnú agus tomhas ar an rath atá bainte amach ag an mBord go dtí seo, is fíor a rá freisin nach dtuilleann an Bord aon táille freagróra ó réitigh dhíreacha luatha ach tabhaítear costais mar gheall ar an Ionad Seirbhíse agus ar an Ionad Measúnaithe a bheith bainteach le measúnacht luath agus mar gheall ar na seirbhísí éascaíochta a sholáthraítear.

Déanfar inchothaitheacht fadtéarma an mhúnla reatha a athbhreithniú sa chomhthéacs seo agus breithneofar roghanna malartacha maidir le maoiniúchán.

# Na Nithe a imreoidh Tionchar ar Phlean Nua

Tá InjuriesBoard.ie ina eintiteas seanbhunaithe anois i réimse na ndíobhálacha pearsanta. Sna caibidlí sin roimhe seo léirítear an rath atá bainte amach ag an mBord i dtaca le múnla malartach neamhsháraíochta, ar múnla uathúil é i gcomhthéacs idirnáisiúnta, chun éilimh dhíobhála pearsanta a réiteach agus, ag an am céanna, an leibhéal láithreach cúitimh á dhámhadh.

Ón tráth a bunaíodh an Bord, is léir go bhfuil an reachtaíocht atá ann mar bhonn agus mar thaca leis daingean. Is léir gur múnla rathúil é nuair a chuirtear san áireamh an laghdú ar an líon cásanna a bhfuil gá le dlíthíocht ina leith. De réir mar a samhlaíodh, táthar tar éis tuairim is dhá thrian de na cásanna a aistriú amach as an gcóras dlíthíochta. Tá an laghdú ar chostais atá bainte amach ag an mBord le feiceáil sna préimheanna laghdaithe árachais do thiománaithe gluaisteáin agus d'úinéirí gnó.

Ó thosaigh an Bord ag feidhmiú go hiomlán sa bhliain 2007, tá aschur comhsheasmhach curtha ar fáil aige go díreach trí dhámhachtainí a rinneadh nó go neamhdhíreach trí réiteach díreach luath éileamh a éascú. Trí éabhlóid a dhéanamh ar bhonn leanúnach, trí bharainneachtaí níos mó a lorg agus trí fheabhas a chur ar ár bpróisis, tá seirbhís chost-éifeachtach éifeachtúil curtha ar fáil againn. Ní mór go bhfanfaidh soláthar na seirbhíse sin ag croílár ghníomhaíochtaí an Bhoird sna cúig bliana atá díreach romhainn. I dtéarmaí simplí, tá an gá leis an tseirbhís a sholáthraíonn an Bord chomh mór anois agus a bhí sé nuair a bhí an Bord á bheartú ar dtús.

Dúshlán mór don Bhord sna cúig bliana atá díreach romhainn is ea cur leis an rath a bhí aige agus féachaint le feabhas a chur ar a phríomhtháscairí feidhmíochta trí phróisis atá níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí fós. De bhreis air sin, de réir mar atá an Bord tar éis dul in aibíocht mar eagraíocht, de réir mar a bhí forbairt á déanamh ar a chórais agus de réir mar atá aitheantas forleathan faighte dá chumas chun toradh neamhsháraíochta a sholáthar i ndáil le héilimh dhíobhála pearsanta, d'fhéadfadh deiseanna a bheith ann chun leathnú a dhéanamh ar chúram an Bhoird chun éilimh a thagann faoi réim dlíthíochta costasaí faoi láthair agus lena ngabhann moilleanna neamhriachtanacha do pháirtithe díobhálaithe neamhurchóideacha a chur san áireamh.

Léirítear an méid sin san Fhís nua, sa Mhisean nua agus sna Cuspóirí Straitéiseacha nua atá leagtha amach sna leathanaigh sin ina dhiaidh seo.

## Fís

Cuirtear creat ó cheann ceann ar fáil leis an bhFís mar threoir maidir le gníomhaíochtaí, luachanna agus cultúr an PIAB agus maidir le hiompar daoine aonair chomh maith. Léiríonn sí an poitéinseal maidir le sainordú an Bhoird a fhorbairt.

***Leanfaidh InjuriesBoard.ie de chultúr dearfach maidir le héilimh a chur chun cinn in Éirinn trí chur chuige cóir neamhsháraíochta a chur ar aghaidh i ndáil le cásanna díobhála pearsanta a réiteach.***

## Misean

Is ionann an Ráiteas Misin agus an fhís fadtéarma i dtaobh an méid atá an eagraíocht ag iarraidh a bhaint amach.

***Soláthar cúitimh ar mhodh cóir, pras agus trédhearcach a éascú ar mhaithe leis an tsochaí fhoriomlán.***

## Cuspóirí Straitéiseacha

### Cuspóir Straitéiseach 1

***Measúnú cóir, cruinn a dhéanamh go tráthúil ar an tsuim chúitimh a bhfuiltear ina theideal i gcás éileamh díobhála pearsanta a thagann faoi scáth InjuriesBoard.ie.***

### Cuspóir Straitéiseach 2

***Na costais riaracháin is ísle a ghabhann le réiteach éileamh díobhála pearsanta a chur chun cinn.***

### Cuspóir Straitéiseach 3

***Cultúr nuálaíochta agus feabhais a chur chun cinn, trína gcothaítear eagraíocht éifeachtúil sholúbtha ina bhfuil foireann dhíograiseach, chumasach agus trína ndéantar tionchar dearfach na teicneolaíochta a uasmhéadú.***

### Cuspóir Straitéiseach 4

***Sársheirbhís chustaiméara a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh agus í dírithe ar a chur faoi deara go bhfuil rochtain ar ár seirbhís ag gach duine, agus tacaíocht ar fáil ina leith ó phróiseas inrochtana measúnaithe éileamh agus ó eagraíocht éifeachtach.***

### Cuspóir Straitéiseach 5

***Leanúint de bheith ag rannchuidiú go dearfach maidir leis an timpeallacht athraitheach réitithe éileamh díobhála pearsanta in Éirinn trí úsáid níos mó a bhaint as múnla neamhsháraíochta an Bhoird.***

## Gníomhaíochtaí chun na Cuspóirí Straitéiseacha a Bhaint Amach

Ag éirí as na Cuspóirí Straitéiseacha atá leagtha amach thuas, déanfaidh an Bord roinnt gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm. Sna leathanaigh sin ina dhiaidh seo, gheofar réasúnú mionsonraithe maidir leis na gníomhaíochtaí sonracha atá le cur i bhfeidhm.

## Cuspóir 1

***Measúnú cóir, cruinn a dhéanamh go tráthúil ar an tsuim chúitimh a bhfuiltear ina theideal i gcás éileamh díobhála pearsanta a thagann faoi scáth InjuriesBoard.ie.***

Tá measúnú cúitimh ar mhodh cóir cruinn i measc na bpríomhghnéithe d’obair an Bhoird. Chun an méid sin a dhéanamh, ní mór don Bhord scrúdú leanúnach a dhéanamh ar na nósanna imeachta éagsúla lena mbaineann lena chinntiú go dtacaíonn siad le baint amach an chuspóra seo. Tá na gníomhaíochtaí sonracha straitéiseacha seo a leanas i gceist:

- Feabhsú agus doiciméadú a dhéanamh go leanúnach i ndáil leis na próisis agus na nósanna imeachta measúnaithe lena chinntiú go ndéantar measúnú cóir cruinn ar chúiteamh
- Bearta a shaothrú trína ndéantar éilimh a shainaithint agus a aicmiú agus, sa tslí sin, tacaíocht a thabhairt maidir leis an bpróiseas measúnaithe
- Feabhsúcháin ar an gClár Deimhnithe Cáilíochta a thabhairt isteach, ar feabhsúcháin iad a thacaíonn le measúnú cóir cruinn ar mhodh tráthúil.

Chun an príomhchuspóir sin a bhaint amach, tá an Bord ag brath go mór ar fhoireann ardoilte speisialtóireachta, agus tacaíocht ar fáil ó Ionad Seirbhíse eisfhoinsithe, ar chórais éifeachtúla teicneolaíochta agus ar phainéil éagsúla saineolaithe neamhspleácha agus tá ról acu sin go léir sa phróiseas measúnaithe. Tá na gníomhaíochtaí sonracha straitéiseacha seo a leanas i gceist:

- Trí oiliúint agus forbairt chuí, inniúlacht theicniúil na sainfhoirne measúnaithe a chinntiú
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ról an Ionaid Seirbhíse i gcomhthéacs an phróisis measúnaithe
- An teicneolaíocht a úsáid chun tacú leis an bpróiseas measúnaithe
- Athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar an bpainéal liachta neamhspleách – tuilleadh tionscnamh a thabhairt isteach chun a chinntiú go dtacaíonn tuarascálacha liachta go héifeachtúil leis an bpróiseas measúnaithe.

Faoi láthair, déanann an Bord measúnú ar chásanna a thagann faoina chúram i gcás freagróir a bheith tar éis toiliú leis an bpróiseas. Ina theannta sin, déantar cuid mhór cásanna a réiteach idir na páirtithe mar thoradh ar phróiseas an Bhoird trína ndéantar an t-éilitheoir agus an freagróir a thabhairt le chéile ag céim luath. Tá poitéinseal ann maidir le measúnú a dhéanamh ar thuilleadh cásanna a thagann faoi chúram an Bhoird agus, i dtaca leis sin de, is féidir roinnt gníomhaíochtaí sonracha straitéiseacha a shainaithint.

- Scrúdú a dhéanamh ar chásanna a thagann faoi chúram an Bhoird agus nach dtéann ar aghaidh chuig an bpróiseas iomlán measúnaithe agus a bhféadfadh an Bord seirbhís níos fearr a thabhairt ina leith
- Sonraí a bhailiú agus a anailísiú e.g. dámhachtainí cúirte/réitigh nó sonraí i ndáil leis na cúiseanna nach dtoilítear/nglactar le cásanna.

## Cuspóir 2

***Na costais riaracháin is ísle a ghabhann le réiteach éileamh díobhála pearsanta a chur chun cinn.***

Tar éis bhunú an Bhoird tháinig laghdú an-suntasach ar na forchostais a ghabhann le héilimh dhíobhála pearsanta a phróiseáil. Chun a stádas féinmhaoinitheach a choimeád ar bun, léiríonn táillí an Bhoird an costas foriomlán a bhaineann leis an eagraíocht a reáchtáil. Ach tá an múnla reatha ag brath ar méid áirithe toilithe ar thaobh freagróirí. I gcásanna den sórt sin, téann an Bord ar aghaidh chun an t-éileamh a phróiseáil. Ach láimhseálann an Bord líon suntasach éileamh freisin ar maidir leo a thíolactar páipéir agus a dhéantar teagmháil leis an dá pháirtí. I gcuid mhór de na cásanna sin baintear réiteach amach idir na páirtithe mar thoradh ar éascaíocht a dhéanann an Bord. Ní fhaigheann an Bord táille don tseirbhís sin mar nach dtéann na héilimh ar aghaidh chuig measúnú foirmiúil. Dá réir sin, ní mór don Bhord scrúdú a dhéanamh ar íocaíocht níos cothroime le haghaidh seirbhísí nach mbíonn ag brath ar thoiliú a bheith ann sula ngnóthaítear táillí.

Chun go mbeidh na costais riaracháin iomaíoch i gcónaí, déanfaidh an Bord roinnt Gníomhaíochtaí Straitéiseacha a chur i gcrích mar a leanas:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na seirbhísí go léir a sholáthraítear i dtéarmaí luach ar airgead agus na dtorthaí a ghealltar do gheallsealbhóirí
- Laghdú gach costas tríú páirtí a chur ar aghaidh
- Barainneachtaí inmheánacha a fhorbairt i gcórais agus i bpróisis ar barainneachtaí iad as a dtagann laghduithe ar chostais riaracháin
- Scrúdú a dhéanamh ar na roghanna maidir le maoiniúchán féideartha breise agus/nó maoiniúchán breise, lena n-áirítear táillí ar sheirbhísí a sholáthraítear iarbhír lena n-áirítear 'táillí scoilte' lena ngabhfadh muirearú méideanna éagsúla le haghaidh codanna áirithe den tseirbhís fhoriomlán
- Scrúdú a dhéanamh ar an bpoitéinseal chun gníomhaíochtaí nach croíghníomhaíochtaí iad a eisfhoinsiú tuilleadh – agus béim á leagan ar réimsí inar mó na fáltais
- I bhfianaise na moratóra fostaíochta atá ann faoi láthair, athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas an Bhoird maidir le hacmhainní a fháil, ar beartas é inar airíodh foireann bhuan inphinsin a fhostú, conarthaí téarma sheasta agus foireann shealadach a fhostú, eisfhoinsiú ócáideach a dhéanamh i gcás gníomhaíochtaí nach croíghníomhaíochtaí iad a bheith ann i dtoirteanna móra, agus úsáid shrianta sainchomhairleoirí le haghaidh tionscadal sonrach. Is ceart go ligfeadh an mhúnla nua don Bhord toirteanna luaineacha oibre a bhainistiú agus, ag an am céanna, costais ísle a choimeád ar bun
- Anailís ar chostais agus ar thairbhí a chur i gcrích maidir le múnla an Bhoird nuair a bheidh tuilleadh sonraí ar fáil faoi réitigh.

## Cuspóir 3

***Cultúr nuálaíochta agus feabhais a chur chun cinn, trína gcothaítear eagraíocht éifeachtúil sholúbtha ina bhfuil foireann dhíograiseach, chumasach agus trína ndéantar tionchar dearfach na teicneolaíochta a uasmhéadú.***

Tá sé beartaithe ag an mBord leanúint de dhea-chleachtas a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta d'fhonn seirbhís éifeachtúil éifeachtach a sholáthar do na custaiméirí go léir agus do thairbhithe deiridh, rud a chuimsíonn an tsochaí i gcoitinne. Go sonrach, rachaimid i mbun roinnt Gníomhaíochtaí Straitéiseacha i dtéarmaí Acmhainní Daonna, Teicneolaíochta, Bainistíochta Airgeadais agus Riosca & Rialaithe.

- Leanúint d'athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir eagrúcháin ar bhonn leanúnach
- Córas Bainistíochta Feidhmíochta a thabhairt isteach ar córas é trína gcumasófar feidhmíocht níos éifeachtaí ar thaobh na foirne
- Leas fostaithe a chur chun cinn trí thimpeallacht shábháilte fholláin oibre a chur ar fáil
- Trí Oiliúint & Forbairt, lena n-áirítear ríomh-fhoghlaim, inniúlacht na foirne a chothabháil chun a chinntiú go soláthraíonn siad ardleibhéil seirbhíse
- Le linn forbairt a dhéanamh ar Sheirbhísí Comhroinnte intí agus seachthí, comhoibriú a dhéanamh, agus ár dtaithí/n-oilteacht a pháirtiú, le Ranna Rialtais agus le gníomhaireachtaí eile
- Tionscnaimh athchóirithe na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm
- A chinntiú, tríd an gcreat cumarsáide inmheánaí, go bpáirtítear faisnéis thábhachtach agus, sa tslí sin, feidhmíocht níos éifeachtaí a chumasú
- Úsáid a bhaint as teicneolaíocht chun barainneachtaí a fhorbairt e.g. córas bainistithe éileamh, barainneachtaí ar líne tríd an láithreán gréasáin, córais airgeadais/íocaíochtaí
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ár mbonneagar freastalaithe/gréasáin
- A chinntiú go leanfar de mhúnla tréan inchothaithe airgeadais
- Forbairt agus tuilleadh saothraithe a dhéanamh i ndáil le struchtúir, ar bheartais agus ar nósanna imeachta láithreacha airgeadais
- A chinntiú go bhfuil struchtúir chuí iniúchóireachta ann i gcónaí agus beart a dhéanamh de bharr moltaí a éiríonn as athbhreithnithe iniúchóireachta
- A chinntiú go bhfuil córais agus próisis ann chun riosca a shainaithint agus a bhainistiú
- An Cód Cleachtais Maidir le Rialú Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh agus feidhmiú mar eagraíocht chomhlíontach.

## Cuspóir 4

***Sársheirbhís chustaiméara a chur chun cinn agus a chur ar aghaidh agus í dírithe ar a chur faoi deara go bhfuil rochtain ar ár seirbhís ag gach duine, agus tacaíocht ar fáil ina leith ó phróiseas inrochtana measúnaithe éileamh agus ó eagraíocht éifeachtach.***

Mar eagraíocht, féachann an Bord le hardleibhéal seirbhíse custaiméara a sholáthar dár gcustaiméirí go léir. I dtaca leis sin de, déanfaimid roinnt Gníomhaíochtaí Straitéiseacha sonracha a chur i bhfeidhm mar a leanas:

- Déanfaimid athbhreithniú agus sruthlíniú ar ár gcuid próiseas go léir chun go mbeidh tuilleadh rochtana orthu
- Déanfaimid cumarsáid ar bhealach éifeachtach cuí mar a leanas:
  - Faisnéis a chur i láthair i bhformáid inrochtana
  - An leas is mó is féidir a bhaint as teicneolaíocht lena n-áirítear ár láithreán gréasáin
  - A chur faoi deara gur féidir leis an bpobal faisnéis a thuiscint go héasca
  - A chur faoi deara go bhfuil ár gcomhfhreagras níos oiriúnaí agus go bhfuil sé sothuigthe
  - Aiseolas a lorg ó chustaiméirí maidir le cáilíocht na faisnéise
- Déanfaimid forbairt ar ár nós imeachta le haghaidh gearán ó chustaiméirí
- Déanfaimid teagmháil agus idirghníomhú leis na príomh-gheallsealbhóirí d'fhonn feabhas a chur ar na seirbhísí a sholáthraítear
- Déanfaimid Taighde a chur i gcrích, lena n-áirítear suirbhéireachtaí i measc custaiméirí
- Déanfaimid feidhmíocht a athbhreithniú, a chur i bhfeidhm agus a iniúchadh i gcomparáid leis an gCairt Chustaiméara atá foilsithe againn

Aithnímid gur líonmhar agus gurb éagsúla na riachtanais atá ag ár gcustaiméirí. I dtaca leis sin de:

- Soláthróimid tacaíochtaí speisialta le haghaidh éilitheoirí soghonta inaitheanta
- Trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht, soláthróimid roghanna gréasán-bhunaithe i ndáil le hidirghníomhú a dhéanamh leis an eagraíocht
- Cinnteoimid go bhfuil ár gcuid beartas, agus na cúiseanna leis na cinntí a dhéanaimid, trédhearcach
- Cinnteoimid go ndéantar na sonraí pearsanta go léir a chosaint agus a chothabháil go daingean, go háirithe sonraí pearsanta íogaire.

## Cuspóir 5

***Leanúint de bheith ag rannchuidiú go dearfach maidir leis an timpeallacht athraitheach réitithe éileamh díobhála pearsanta in Éirinn trí úsáid níos mó a bhaint as múnla neamhsháraíochta an Bhoird.***

Mar gheall ar bhunú mhúnla neamhsháraíochta an Bhoird tharla athrú bunúsach ar an tslí ina láimhseáiltear éilimh dhíobhálacha pearsanta in Éirinn. De bhreis ar an gcúiteamh a dhámhann an Bord go díreach, tá athrú suntasach cultúir tar éis tarlú agus tá cuid mhór cásanna á réiteach go díreach idir na páirtithe gan aon ghá le measúnú ag InjuriesBoard.ie ná le dul i ngleic le córas fadálach dlíthíochta. Dá bharr sin, tá tuilleadh deiseanna ann chun leas a bhaint as an múnla atá á oibriú chomh rathúil sin ag an mBord.

Tá réimsí eile ann a d’fhéadfadh tairbhiú ó athrú ar an tslí ina n-oibríonn a gcuid córas faoi láthair. Tá roinnt catagóirí díobhála pearsanta ann atá lasmuigh de chúram an Bhoird e.g. faillí liachta. Is faoin lucht déanta beartais agus reachtaíochta atá sé cinneadh a dhéanamh i dtaobh conas a riartar cásanna den sórt sin. Ach, tá ról luachmhar ag an mBord maidir le hathruithe tairbhiúla a mholadh. I dtaca leis sin de, saothróidh sé roinnt gníomhaíochtaí straitéiseacha sonracha a fhágfaidh gur féidir linn cabhrú leis an lucht déanta beartais agus leis an Rialtas agus iad i mbun cinntí eolasacha a dhéanamh. Is iad seo a leanas na Gníomhaíochtaí Straitéiseacha sin:

- Comhairle a ghlacadh, agus teagmháil a dhéanamh, le geallsealbhóirí láithreacha agus le geallsealbhóirí nua
- Uasmhéadú a dhéanamh ar na haschuir atá ar fáil ó fhóraim láithreacha grúpaí úsáideoirí agus ó fhóraim nua grúpaí úsáideoirí
- Taighde a dhéanamh maidir le réimsí ina bhféadfadh deiseanna a bheith ann chun úsáid a bhaint as múnla neamhsháraíochta ar mhaithe leis na páirtithe go léir
- Sonraí iomchuí a bhailiú agus a ullmhú maidir lenár ról i dtaca le measúnú cúitimh díobhála pearsanta
- Cás a thíolacadh don lucht déanta beartais agus do gheallsealbhóirí maidir le hinfheistíocht i múnla neamhsháraíochta agus a thairbhí don tsochaí a thaispeáint
- A chinntiú go bhfuil an lucht déanta beartais ar an eolas faoi na tairbhí ar féidir le múnla an Bhoird a bhaint amach i réimsí atá lasmuigh de chúram an Bhoird nó i scéimeanna nua sásaimh a bhféadfadh an Rialtas iad a cheadú amach anseo. Sa timpeallacht reatha, suntas a thabhairt don choigilteas suntasach atá inbhainte amach don Stát
- Tograí (a bhféadfadh reachtaíocht a bheith ag teastáil ina leith) a dhéanamh don Aire agus é mar aidhm acu méadú a dhéanamh ar úsáid múnlaí neamhsháraíochta
- Comhoibriú le gníomhaireachtaí eile a bhfuil ról acu maidir le cosc tionóiscí/díobhálacha agus maidir le córais réitithe a bhaineann le héilimh.

## Torthaí/KPI-anna

Déantar baint amach chroíchuspóirí agus Ghníomhaíochtaí Straitéiseacha gaolmhara an Bhoird a thomhas trí Phríomh-Tháscairí Feidhmíochta (KPI-anna), idir oibríochtúil agus straitéiseach. Cumasaíonn na táscairí feidhmíochta sin don Bhord faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir lena chuspóirí straitéiseacha a chur i gcrích. Le linn meastóireacht a dhéanamh ar a fheidhmíocht maidir le cuspóirí na straitéise a bhaint amach, leagfaidh an Bord béim ar na torthaí inmhianaithe seo a leanas thar an tréimhse 2012-2016 agus tá an KPI iomchuí straitéiseach ar taispeáint in aice leis an toradh lena mbaineann:

| Toradh | KPI |
|---|---|
| Múnla neamhsháraíochta réitithe díobhála pearsanta a sholáthar ar múnla é:<br>■ atá níos tapa ná dlíthíocht<br>■ atá níos cost-éifeachtaí ná dlíthíocht<br>■ trína ndéantar dámhachtainí ar an leibhéal céanna le dlíthíocht | Measúnú déanta ar gach éileamh laistigh de na hamscálaí reachtúla Costais soláthair seirbhísí a choimeád ag na leibhéil reatha (i.e. 9% nó níos lú de mhéid an chúitimh) Leibhéil na ndámhachtainí a chothabháil i gcomparáid le dlíthíocht. An dara anailís costas agus tairbhí a bheith críochnaithe faoi lár na bliana 2013, ach sin faoi réir sonraí a bheith ar fáil. Athbhreithniú ar an múnla airgeadais a bheith críochnaithe faoi lár na bliana 2013. |
| Rochtain mhéadaithe ar na seirbhísí/an bhfaisnéis a sholáthraíonn an Bord | Méaduithe ar na príomh-thomhais ar leibhéil feasachta maidir leis an mBord agus maidir lena sheirbhísí mar a thomhaistear go neamhspleách iad. Méaduithe ar na príomh-thomhais ar leibhéil tuisceana maidir le leibhéil na seirbhísí a sholáthraíonn an Bord mar a thomhaistear go neamhspleách iad. Méadú ar na leibhéil teagmhála leis an mBord ar bhealaí leictreonacha. |
| Faisnéis staitistiúil a bheith ar fáil maidir le díobhálacha pearsanta agus próifílí tionóisce | Méadú ar an méid sonraí atá ar fáil do na húdaráis sin atá bainteach le cosc tionóiscí agus don phobal i gcoitinne. |

# Struchtúr Eagrúcháin

Sa roinn seo tugtar achoimre ar struchtúr eagrúcháin InjuriesBoard.ie. Tá Bord Stiúrthóirí (a dtugtar mionsonraí ina leith anseo thíos) i gceannas ar InjuriesBoard.ie.


Is é an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta a cheapann an Bord agus is é atá ann ná Cathaoirleach, an Príomhfheidhmeannach agus 9 ngnáthchomhalta a n-ainmníonn comhlachtaí seachtracha 5 díobh nó a n-ainmnítear 5 díobh faoin reachtaíocht. Tá an Bord freagrach as beartais InjuriesBoard.ie a fhoirmliú agus as dualgais mhuiníneacha eile a fhorghníomhú.

## Liosta iomlán chomhaltaí an Bhoird*

| Ainm | Post |
|---|---|
| Dorothea Dowling | Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin |
| Joe O'Toole | Leaschathaoirleach agus ainmnitheach Chomhar Ceardchumann na hÉireann (ICTU) |
| Patricia Byron | Príomhfheidhmeannach |
| Martin Naughton | Ainmnitheach ICTU |
| Tom Noonan | Ainmnitheach Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) |
| Jerry Fitzpatrick | Ainmnitheach Chónaidhm Árachais na hÉireann (IIF) |
| Ann Fitzgerald | Príomhfheidhmeannach, an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí |
| Bernard Sheridan | Stiúrthóir Cosanta Tomhaltóirí, an Banc Ceannais |
| Breda Power | Rúnaí Cúnta, an Roinn Post, Fiontar & Nuálaíochta |
| Stephen Watkins | Rúnaí don Bhord |

* Comhaltas an Bhoird amhail ar an 30 Meitheamh 2012. Tá 2 fholúntas ar an mBord faoi láthair.

## Léaráid an Struchtúir Eagrúcháin




## Foireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin

Tá an Príomhfheidhmeannach, Patricia Byron, mar chomhalta den Bhord. Tá sí i gceannas ar an bhFoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin freisin, lena n-áirítear:

- Bernadette King – Stiúrthóir Airgeadais
- Helen Moran – Stiúrthóir na Seirbhísí Tacaíochta Gnó
- Maurice Priestley – Stiúrthóir Oibríochtaí
- Stephen Watkins – Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as feidhmeanna feidhmiúcháin InjuriesBoard.ie agus faightear tacaíocht ón bhfoireann bhainistíochta, ó mheasúnóirí reachtúla agus ó fhoireann saineolaithe tacaíochta. Ag deireadh na bliana 2011, bhí 69 bhfostaí ag InjuriesBoard.ie i dTamhlacht, Baile Átha Cliath 24. De bhreis air sin, tá Ionad Seirbhíse eisfhoinsithe ag an mBord chun tacaíocht choimhdeach cúloifige agus líne chabhrach a sholáthar ó 8am go 8pm ar laethanta na seachtaine.

# Na Geallsealbhóirí a nDeachthas i gComhairle leo

Comhairle an Bharra
An Chónaidhm Tionscail Foirgníochta
Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann
An tSeirbhís Chúirteanna
An tÚdarás Sláinte & Sábháilteachta
Cumann Bróicéirí na hÉireann
Vhi Healthcare
Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
Comhar Ceardchumann na hÉireann
Cónaidhm Árachais na hÉireann
Dlí-Chumann na hÉireann
An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí
An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
An Tascfhórsa Féinárachaithe
Comhlachas na nGnólachtaí Beaga
An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Ina theannta sin, bíonn comhairliúcháin ann le geallsealbhóirí ar bhonn leanúnach, is é sin le rá, le heagraíochtaí leighis, le grúpaí tomhaltóirí, le comhlachtaí ionadaitheacha dlíthiúla, le fostóirí, le fostaithe, le hinstitiúidí oideachais, le Ranna Rialtais agus le gníomhaireachtaí iomchuí.

# Faisnéis Staitistiúil


## Tábla 1 – Iarratais Díobhála Pearsanta a fuair an Bord

| | Iomlán | ML | PL | EL |
|---|---|---|---|---|
| 2006 | 20,926 | 11,590 | 5,554 | 3,782 |
| 2007 | 23,345 | 13,060 | 6,050 | 4,235 |
| 2008 | 24,722 | 14,012 | 6,320 | 4,390 |
| 2009 | 25,919 | 15,079 | 6,721 | 4,119 |
| 2010 | 26,964 | 15,971 | 7,251 | 3,742 |
| **2011** | **27,669** | **16,351** | **7,452** | **3,866** |

ML – Dliteanas Gluaisteáin PL – Dliteanas Poiblí EL – Dliteanas Fostóra

Sa tábla seo, tugtar mionsonraí faoin líon éileamh a fuarthas faoi gach ceann de na catagóirí iarratas ón mbliain 2006 go deireadh na bliana 2011. Cé gur tháinig méadú os cionn 11% ar an líon éileamh sa bhliain 2007, tá moilliú tagtha ar an ráta méadaithe go corradh le 2.5% sa bhliain 2011, rud a léiríonn cobhsú foriomlán ar líon na n-iarratas.

## Tábla 2 – Dámhachtainí Díobhála Pearsanta




Sa tábla thuas, taispeántar an líon dámhachtainí a rinne an Bord ar bhonn bliantúil ón mbliain 2005 go dtí deireadh na bliana 2011. Ón tráth a thosaigh an Bord ag feidhmiú go hiomlán sa bhliain 2007 bhí leibhéal na ndámhachtainí measartha cobhsaí agus, ar an meán, bhí tuairim is 8,500 dámhachtain ann sa bhliain go dtí deireadh na bliana 2011. De bharr gnóthachtáil feidhmíochta sa bhliain 2011, tháinig méadú suntasach ar an líon dámhachtainí go dtí 9,833.

## Tábla 3 – Líon agus Luach na nDámhachtainí de réir bliana sa tréimhse 2006-2010

| | Dámhach-tainí IB | Luach* | Dámhach-tainí HC | Luach* | Dámhach-tainí CC | Luach* |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2006 | 5,573 | €115m | 173 | €23m | 1,102 | €15m |
| 2007 | 8,208 | €181m | 133 | €22m | 968 | €14m |
| 2008 | 8,845 | €217m | 124 | €51m | 966 | €13m |
| 2009 | 8,643 | €200m | 408 | €73m | 931 | €12m |
| 2010 | 8,380 | €187m | 392 | €86m | 980 | €12m |
| **Iomlán** | **39,649** | **€900m** | **1,230** | **€254m** | **4,947** | **€66m** |

* tá cothromú déanta ar na figiúirí

Sa tábla thuas, tugtar mionsonraí faoin líon dámhachtainí a rinneadh sna 5 bliana ó 2006 go 2010, ar tréimhse í ina raibh na méideanna comhfhreagracha cúitimh a dámhadh comhionann le suim €1 bhilliún san iomlán. Ba é a bhí sna méideanna a dhámh na Cúirteanna ar fud na tíre le linn na tréimhse céanna ná suim iomlán €320 milliún (*tagairt: Tuarascálacha Bliantúla na Seirbhíse Cúirteanna 2006-2010*). I gcomparáid leis an iomlán carnach 39,649 ndámhachtain a rinne InjuriesBoard.ie (IB), ba é a bhí sa líon dámhachtainí a rinne na Cúirteanna sa tréimhse chéanna ná 1,230 san Ard-Chúirt (HC) agus 4,947 sa Chúirt Chuarda (CC) i.e. iomlán 6,177 (*tagairt: Tuarascálacha Bliantúla na Seirbhíse Cúirteanna 2006-2010*). Samhlaítear go mbeidh an pátrún céanna ann sna blianta atá díreach romhainn.

## Tábla 4 – Miondealú ar an Líon Iomlán Dámhachtainí sa bhliain 2011 (de réir Luacha agus Catagóire Éilimh)

| Catagóirí Meán-Luacha (€-anna) | Dliteanas Gluaisteáin | Dliteanas Fostóra | Dliteanas Poiblí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| <20k | 5,215 | 376 | 798 | 6,389 |
| 20-38k | 1,754 | 322 | 497 | 2,573 |
| 38-100k | 500 | 123 | 185 | 808 |
| >100k | 52 | 9 | 2 | 63 |
| **Gach Ceann** | **7,521** | **830** | **1,482** | **9,833** |

Sa tábla thuas, tugtar miondealú ar na dámhachtainí a rinneadh sa bhliain 2011 de réir bandaí luacha agus catagóire éilimh. Tá an miondealú de réir catagóire éilimh comhsheasmhach ón tús agus baineann tuairim is 70% de na dámhachtainí le Dliteanas Gluaisteáin, agus leanann an líon is lú éileamh as Dliteanas Fostóra. Taispeánann anailís ar na dámhachtainí de réir bandaí luacha go mbaineann luach faoi bhun €38,000 le formhór mór na gcásanna. Tá sé sin comhsheasmhach leis na cásanna a éisteadh sna Cúirteanna áit a dtarlaíonn an chuid is mó ar fad díobh sa Chúirt Chuarda (ina bhfuil teorainn dhlínsiúil €38,000 i bhfeidhm). Léiríonn sé sin go bhfuil an líon is mó éileamh san aicme lena ngabhann luach íseal go luach meánach agus inarb annamh a tharlaíonn sé go bhfuil díobhálacha de chineál an-dian i gceist, rud as a bhfuiltear an-bhuíoch. Tá sé sin comhsheasmhach le pátrúin stairiúla freisin.


## Fíor 1 – Na Dámhachtainí is Airde/Ísle atá déanta go dtí seo




* Nóta: Rinneadh an Dámhachtain sin sa bhliain 2011.

Sa ghraf thuas, taispeántar an dámhachtain is airde agus an dámhachtain is ísle atá déanta ag an mBord **go dtí seo**.

## Fíor 2 – Costais Soláthair maidir le Dámhachtainí ar Glacadh leo




Sa ghraf thuas, taispeántar an t-athrú ar chostais maidir le soláthair seirbhísí ó bhí an bhliain 2007 ann. Tríd is tríd, is beag an méid luaineachta a bhí ann agus d'fhan costais sa raon ó 7% go 9%. Is toradh fabhrach é sin i gcomparáid le dlíthíocht ar maidir léi a tuairiscíodh i dtuarascáil MIAB 2004 gurbh ionann na forchostais agus 46% ach is dóichí ná a mhalairt gur 50%-60% atá ann anois.

## Tábla 5 – Líon agus Luach Iomlán Dhámhachtainí InjuriesBoard.ie ar Glacadh leo

| | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|
| An Líon Dámhachtainí ar Glacadh leo | 5000 | 5670 | 5387 | 5038 | 5875 |
| Luach Iomlán na nDámhachtainí ar Glacadh leo | €102m | €131.34m | €118.2m | €108.24m | €122.71m |

I dTábla 5 thuas, leagtar amach líon na ndámhachtainí ar glacadh leo do na blianta 2007-2011. Tá an ráta glactha measartha comhsheasmhach le 4 bliana anuas agus, ar an meán, glacadh le tuairim is 5,500 dámhachtain gach bliain. Leagtar amach sa tábla freisin luach foriomlán na ndámhachtainí ar glacadh leo – meán tuairim is €110m go €120m gach bliain. Déanann an meascán éileamh difear do luach an chúitimh, is é sin le rá, an éilimh Dhliteanais Gluaisteáin, Dhliteanais Phoiblí nó Dhliteanais Fostóra atá i gceist agus déantar difear dó freisin mar gheall ar dhéine na ndíobhálacha laistigh de gach ceann ar leith de na catagóirí sin.

## Tábla 6 – Costais Soláthair Seirbhísí InjuriesBoard.ie agus an Coigilteas Measta ar Chostais

| | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|
| Costais Iomlána Soláthair Seirbhísí InjuriesBoard.ie | €7.4m | €10.19m | €10.3m | €9.52m | €10.86m |
| Costais Inchomparáide Dlíthíochta | €47.15m | €60.41m | €54.4m | €49.79m | €56.45m |
| Coigilteas Iarbhír | €39.75m | €50.22m | €44.1m | €40.27m | €45.59m |

(InjuriesBoard.ie v Córas Dlíthíochta)

Sa tábla thuas, taispeántar costais iarbhír InjuriesBoard.ie i ndáil le soláthar seirbhísí ó bhí an bhliain 2007 ann (€10.86m sa bhliain 2011) agus déantar comparáid, i gcás gach bliana, leis an bhforchostas measta i ndáil leis an dámhachtain chéanna a sholáthar faoin gcóras dlíthíochta a bhí ann roimhe seo (46%) i.e. €56.45m sa bhliain 2011. Déantar an coigilteas a éiríonn as sin a thaispeáint sa rae ag bun an Tábla. Ba é a bhí i gcoigilteas díreach InjuriesBoard.ie sa bhliain 2011 ná €45.59m. Níl ansin, áfach, ach codán den choigilteas foriomlán nach féidir é a ríomh go cruinn go dtí go bhfaightear sonraí ón tionscal Árachais san fhormáid is gá chun an coigilteas a ríomh maidir le héilimh a réitíodh trí idirghabháil luath ar thaobh an Bhoird/trí éascaíocht ar thaobh an Ionaid Seirbhíse.


De bhreis air sin, bhí coigilteas €4.32m ann san bhliain 2005 agus bhí coigilteas €26.13m ann sa bhliain 2006, agus san iomlán is é an figiúr foriomlán atá ann ná suim os cionn €250m go dtí deireadh na bliana 2011.

## Tábla 7 – CPI Míosúil maidir le hÁrachas Gluaisteáin (2002-2011)

Treoir-Phraghas do Thomhaltóirí – Sraith atá bunaithe ar Lár-Nollaig 2001

| BLIAIN | EAN | FEABH | MÁRTA | AIBR | BEALT | MEITH | IÚIL | LÚN | MF | DF | SAMH | NOLL | BLIANTÚIL |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2002 | 99.7 | 99.6 | 103.0 | 108.7 | 108.2 | 106.3 | 104.6 | 106.2 | 106.2 | 106.5 | 106.2 | 106.2 | 105.1 |
| 2003 | 105.9 | 107.2 | 108.0 | 108.0 | 107.6 | 107.6 | 107.2 | 106.1 | 102.7 | 97.9 | 94.9 | 94.5 | 104.0 |
| 2004 | 94.1 | 94.2 | 93.6 | 93.6 | 93.5 | 92.0 | 92.7 | 92.8 | 87.2 | 87.3 | 87.1 | 86.4 | 91.2 |
| 2005 | 86.2 | 85.7 | 84.2 | 82.4 | 82.4 | 82.5 | 81.5 | 81.5 | 81.5 | 81.8 | 79.8 | 79.8 | 82.4 |
| 2006 | 78.2 | 78.3 | 78.5 | 78.5 | 78.3 | 78.3 | 77.2 | 77.2 | 74.0 | 74.0 | 74.0 | 71.2 | 76.5 |
| 2007 | 70.9 | 70.5 | 70.3 | 66.1 | 66.1 | 66.3 | 66.7 | 66.3 | 66.7 | 65.8 | 65.8 | 64.4 | 67.2 |
| 2008 | 64.0 | 64.1 | 64.2 | 64.2 | 64.6 | 64.6 | 65.0 | 65.1 | 65.1 | 65.0 | 65.5 | 66.0 | 64.8 |
| 2009 | 68.3 | 69.4 | 71.2 | 72.5 | 72.6 | 73.3 | 73.8 | 74.6 | 74.7 | 74.4 | 74.1 | 72.7 | 72.6 |
| 2010 | 73.3 | 74.6 | 71.8 | 72.4 | 72.4 | 72.8 | 73.4 | 74.2 | 74.0 | 74.9 | 75.6 | 77.3 | 73.9 |
| 2011 | 75.5 | 76.3 | 76.3 | 77.3 | 77.9 | 78.8 | 79.0 | 78.2 | 78.0 | 78.0 | 77.9 | 77.9 | 77.6 |

## Fíor 3 – CPI Míosúil maidir le hÁrachas Gluaisteáin (2002-2011)



# Nótaí



**Tá an tIonad Seirbhíse Oscailte:**
Luan go hAoine, 8am go 8 pm

Glao Áitiúil ROI 1890 829 121
TÉ agus RA 0870 876 8121

Bosca Poist 8, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí

www.injuriesboard.ie